

# Creat don tSraith Shóisearach 2015



An Roinn Oideachais agus Scileanna

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

# Creat don tSraith Shóisearach 2015

© 2015 An Roinn Oideachais agus Scileanna

Arna foilsiú ag

An Roinn Oideachais agus Scileanna

Sráid Maoilbhríde

Baile Átha Cliath 1

Le fáil ag

www.education.ie

## *Réamhrá an Aire*

Tá áthas orm an doiciméad seo a fhoilsiú, an *Creat don tSraith Shóisearach (2015).* Leagtar amach ann fís shoiléir den tslí ina dtabharfar cleachtais teagaisc, fhoghlama agus mheasúnaithe chun cinn sna chéad trí bliana den oideachas iar-bhunleibhéal chun eispéireas foghlama atá ag teacht le riachtanais an 21ú haois a dheimhniú dár ndaoine óga.

Déantar an fhís seo a thógáil ar an smaointeoireacht atá mar bhonn leis an *Creat don tSraith Shóisearach (2012)* agus tá sé faoi thionchar na gcaidreamh le páirtnéirí an oideachais mar aon le taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tógann sé freisin ar chleachtais éifeachtacha churaclaim agus mheasúnaithe a bhíonn á gcur i bhfeidhm ag múinteoirí i scoileanna ar fud na tíre.

Creidim go gcruthaíonn an *Creat don tSraith Shóisearach (2015)* treoirphlean luachmhar chun forbairtí ar sholáthar na Sraithe Sóisearaí a threorú sna blianta atá le teacht. Lonnaíonn sé an scoláire go lárnach sa phróiseas foghlama agus tá sé i gceist leis go mbeadh curaclam nuachóirithe ar fáil trasna na n-ábhar uile. Ceadaíonn sé bealaí nua don fhoghlaim agus raon níos fairsinge scileanna a ndéanfar measúnú ceart orthu. Cruthaíonn an cur chuige déthreoch deis luachmhar chun measúnú rangbhunaithe agus measúnú foirmitheach don fhoghlaim a leabú agus aitheantas á thabhairt ag an am céanna do ról an mheasúnaithe sheachtraigh.

Cuideoidh na socruithe nua don tuairisciú a bhfuil cur síos orthu sa *Creat don tSraith Shóisearach (2015)* a dheimhniú go bhfaigheann tuismitheoirí agus scoláirí araon léargas níos leithne ar dhul chun cinn foghlama agus ar ghnóthachtáil an scoláire i gcaitheamh na sraithe sóisearaí uile. An rud is tábhachtaí, cruthaíonn an fócas ar aiseolas múinteoir is scoláire agus ar an gcomhoibriú gairmiúil atá beartaithe idir mhúinteoirí deis iontach chun cáilíocht fhoghlaim na scoláirí, mar aon le rannpháirtíocht ghairmiúil na múinteoirí féin, a shaibhriú.

Beidh gá le tiomantas na bpáirtithe uile atá bainteach leis an oideachas, ceannairí agus múinteoirí scoile ach go háirithe, chun an *Creat don tSraith Shóisearach (2015)* a chur i bhfeidhm. Táimse, freisin, tiomanta don deimhniú go ndéanfar an tSraith Shóisearach a thacú agus a acmhainniú go maith agus go mbeidh an fhorbairt ghairmiúil leanúnach do cheannairí agus do mhúinteoirí scoile ar an-ardchaighdeán. Tá tús á chur cheana féin lena dheimhniú go mbíonn fáil ar an am gairmiúil agus ar na hacmhainní is gá chun an tSraith Shóisearach nua a chur i bhfeidhm go rathúil, go háirithe na heilimintí a bhaineann leis an measúnú scoilbhunaithe.

Beidh mé ag tnúth le feidhmiú an *Creat don tSraith Shóisearach (2015)* a chur chun cinn i gcomhpháirt le múinteoirí agus le bainistíocht scoile – agus ar ndóigh le tuismitheoirí agus le scoláirí.

Jan O'Sullivan, T.D.,

Aire Oideachais agus Scileanna

# Clár


Caibidil 1 Réamhrá 6

Caibidil 2 Conas mar a Thacaíonn an Creat leis an bhFoghlaim? 12

2.1 Prionsabail 13

2.2 Ráitis foghlama 13

2.3 Ocht bpríomhscil 15

2.4 Cén gaol atá ag an gCreat le tosaíochtaí eile? 16

Caibidil 3 Cad a bheidh á fhoghlaim ag scoláirí? 18

3.1 Ábhair 19

3.2 Gearrchúrsaí 23

3.3 Folláine 24

3.4 Cláir Foghlama Leibhéal 2 agus Aonaid Tosaíochta Foghlama (ATFanna) 26

3.5 Eispéiris fhoghlama eile 27

3.6 Socruithe amchláir 28

3.7 Cé na himpleachtaí atá ag an gCreat do Chiorcláin agus do na Rialacha agus Clár d'Iar-Bhunscoileanna? 28

3.8 Éagsúlacht agus inrochtaineacht 29

Caibidil 4 Conas mar a athróidh an teagasc agus an fhoghlaim agus cé na tacaí a bheidh ar fáil? 30

4.1 Teagasc agus foghlaim 31

4.2 Conas mar a thacófar le múinteoirí sna hathruithe sa chleachtas? 32

4.3 Conas mar a thacófar le ceannairí scoile? 33

4.4 Cé na hacmhainní breise a bheidh ar fáil do scoileanna? 34

Caibidil 5 Cén chuma a bheidh ar an measúnú? 36

5.1 Cuir chuige i leith an mheasúnaithe 37

5.2 Measúnú foirmitheach agus suimitheach 37

5.3 Measúnú agus ábhair 39

5.4 Measúnú agus gearrchúrsaí 44

5.5 Measúnú agus Folláine 44

5.6 Measúnú agus tuairisciú ar fhoghlaim scoláirí in Aonaid Tosaíochta Foghlama (ATFanna) 44

Caibidil 6 Cén chuma a bheidh ar an tuairisciú? 46

6.1 Tuairisciú do thuismitheoirí/chaomhnóirí ar dhul chun cinn scoláirí thar thréimhse na sraithe sóisearaí 47

6.2 Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) 48

6.3 Conas mar a dhéanfar an cháilíocht ar ghnóthachtáil an scoláire a dheimhniú? 50

Caibidil 7 Achoimre 52

Aguisín Ráitis Foghlama – Míniú ar na hEispéiris Fhoghlama 54

**Táblaí**

Tábla 1 Ráitis foghlama 14
Tábla 2 Feidhmiú céimneach na Sraithe Sóisearaí 19
Tábla 3 Ábhair atá ar fáil don staidéar 20
Tábla 4 Sonrúcháin na n-ábhar 21

Tábla na bhFigiúirí

Figiúr 1 Prionsabail an oideachais sa tsraith shóisearach 13
Figiúr 2 Príomhscileanna agus a n-eilimintí 15
Figiúr 3 Pleanáil don fhoghlaim, don teagasc agus don mheasúnú 38
Figiúr 4 Nádúr comhshnaidhmthe na foghlama agus an mheasúnaithe 43
Figiúr 5 Deiseanna foghlama agus eilimintí don tuairisciú 46

# Caibidil 1

## Réamhrá

Déanann an doiciméad seo, an *Creat don tSraith Shóisearach (2015)*, cur síos ar na príomhathruithe oideachasúla atá á gcur ar fáil ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) do dhaoine óga sna chéad trí bliana dá n-oideachas iar-bhunscoile. Déanann sé tógáil agus cur chun cinn ar an bhfís d'athchóiriú na sraithe sóisearaí a bhí leagtha amach sa *Creat don tSraith Shóisearach (2012*). Clúdaíonn an *Creat don tSraith Shóisearach (2015)* comhthuiscint ar an tslí inar chóir do chleachtais teagaisc, fhoghlama agus mheasúnaithe teacht chun cinn chun tacú le hoideachas ar ardchaighdeán, uileghabhálach agus ábhartha a sholáthar a fhreastalóidh ar riachtanais scoláirí na sraithe sóisearaí, anois agus san am atá le teacht. Tá bonn eolais ag an gcomhthuiscint seo ón teagmháil le páirtithe leasmhara agus ó thaighde náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Tugann an réamhrá seo forléargas ar na príomhghnéithe a bhaineann leis an athrú ar chur i láthair sholáthar na sraithe sóisearaí mar atá beartaithe sa *Creat don tSraith Shóisearach (2015)*.



## Clár solúbtha don fhoghlaim ag scoláirí

Tugann an *Creat don tSraith Shóisearach (2015)* solúbthacht bhreise do scoileanna chun cláir a dhearadh a bhíonn oiriúnach do riachtanais a scoláirí sa tsraith shóisearach agus do chomhthéacs ar leith na scoile.

Maidir le clár gach scoile:

- Beidh sé treoraithe ag ceithre ráiteas foghlama agus fiche, ocht bprionsabal agus ocht bpríomhscil atá mar chroílár ag an tSraith Shóisearach nua
- Beidh sé cuimsithe ag foghlaim in ábhair <u>*nó*</u> i dteaglaim d'ábhair agus de ghearrchúrsaí
- Beidh achar foghlama dar teideal Folláine mar chuid den chlár
- Déanfar soláthar ar raon eispéireas foghlama eile
- D'fhéadfadh go mbeadh aonaid tosaíochta foghlama (ATFanna) ann a chuideoidh clár sraithe sóisearaí a sholáthar a bheidh oiriúnach do riachtanais scoláirí ar leith a bhfuil riachtanais speisialta oideachais suntasacha acu

Beidh an tsolúbthacht agus an discréid ag scoileanna cinneadh a dhéanamh faoin teaglaim d'ábhair, de ghearrchúrsaí agus d'eispéiris fhoghlama eile a bheidh ar fáil ina gclár trí bliana don tsraith shóisearach.

## An chothromaíocht idir eolas agus scileanna

Tugann an *Creat don tSraith Shóisearach (2015)* cur síos ar na socruithe curaclaim agus measúnaithe a chuirfidh deiseanna foghlama ar fáil do scoláirí ina mbainfear amach cothromaíocht idir eolas ábhair a fhoghlaim agus raon leathan scileanna agus cumais smaointeoireachta a fhorbairt. Cothóidh na socruithe curaclaim agus measúnaithe seo fócas ar fhoghlaim ghníomhach agus chomhoibríoch. Cuirfear ar chumas foghlaimeoirí, ach go háirithe, eolas a úsáid agus a anailísiú ar bhealaí nua agus cruthaitheacha, ceisteanna a fhiosrú, iniúchadh a dhéanamh, smaoineamh as a stuaim féin, a bheith cruthaitheach maidir le fadhbanna a réiteach agus a bhfuil foghlamtha acu a chur i bhfeidhm ar dhúshláin agus ar shuíomhanna nua. I ngeall ar nádúr athraitheach an eolais, an tslí ina mbíonn fáil gan dua ag scoláirí ar eolas, agus an luas athraithe san ionad oibre agus sa domhan i gcoitinne, bíonn na hinniúlachtaí agus na scileanna seo ríthábhachtach nuair a bhíonn daoine óga á n-ullmhú don fhoghlaim agus don saol.

Déanfar sonrúcháin na n-ábhar, ar a dtugtaí siollabais roimhe seo, agus socruithe don mheasúnú a leasú ar bhonn céimnithe chun an chothromaíocht nua seo idir eolas ar ábhar agus scileanna a léiriú. Tá sonrúcháin nua na n-ábhar á ndearadh chun tógáil ar na barrchleachtais reatha sa chóras agus chun tacú leis an bhforbairt bhreise ar chleachtas éifeachtach teagaisc, foghlama agus measúnaithe. Cruthaíonn cuimsiú na ngearrchúrsaí agus na n-eispéireas foghlama eile i gcláir na sraithe sóisearaí deis luachmhar chun foghlaim agus tacar sainscileanna scoláirí a leathnú.

## Cur chuige déthreoch i leith an mheasúnaithe

Cuireann an *Creat don tSraith Shóisearach (2015)* cur chuige déthreoch ar fáil i leith measúnaithe a thacaíonn le foghlaim an scoláire thar trí bliana na sraithe sóisearaí agus a dhéanann gnóthachtáil a thomhas ag deireadh na trí bliana sin. Mar thoradh ar an gcur chuige déthreoch seo, laghdaítear an fócas ar aon scrúdú amháin ina ndéantar an measúnú go seachtrach mar bhealach chun scoláirí a

mheas agus méadaítear an suntas a thugtar don mheasúnú rangbhunaithe agus don mheasúnú foirmitheach. Eascraíonn an t-athrú béime seo ón tuiscint gur fearr a fhoghlaimíonn scoláirí nuair a chuireann múinteoirí aiseolas ar fáil a chuidíonn leo tuiscint a bheith acu ar an tslí inar féidir leo a bhfoghlaim a fheabhsú.

I gcás gach ábhair, cuirfear tús le dhá Mheasúnú Rangbhunaithe struchtúrtha a chuirfidh le, agus a thógfaidh ar, úsáid an mheasúnaithe fhoirmithigh sa rang. Tarlóidh ceann de na Measúnuithe Rangbhunaithe seo sa dara bliain, agus an ceann eile sa tríú bliain. Beidh an dá cheann bunaithe ar raon cineálacha measúnaithe, agus d'fhéadfadh go mbeadh tascanna tionscadail, tascanna ó bhéal, taighde, tascanna praiticiúla nó deartha agus déantúsaíochta, staidéir allamuigh agus léirithe ealaíonta i gceist.

Tar éis dóibh an dara Measúnú Rangbhunaithe a dhéanamh, déanfaidh scoláirí Tasc Measúnachta scríofa ar a bhfuil foghlamtha acu agus ar na scileanna agus na hinniúlachtaí a bhfuil forbairt déanta acu orthu sa mheasúnú sin. Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) a dhéanfaidh an Tasc Measúnachta, mar aon leis an scrúdú deiridh ag deireadh na tríú bliana, a mharcáil.

Beidh aitheantas agus luacháil le fáil ó chur chuige déthreoch an mheasúnaithe ar na cineálacha éagsúla foghlama a tharlaíonn i scoileanna, agus cruthóidh a leithéid deis do mheasúnú níos iomláine ar oideachas gach duine óig.

## Tuairisciú ar phictiúr níos leithne den fhoghlaim

Leagann an *Creat don tSraith Shóisearach (2015)* béim ar an tábhacht a bhaineann le deiseanna foghlama agus eispéiris uile na scoláirí a luacháil, a aithint agus a dhearbhú i gcaitheamh trí bliana na sraithe sóisearaí. Tá sé i gceist freisin go mbeidh pictiúr níos iomláine ar fhoghlaim an scoláire le fáil ag tuismitheoirí/caomhnóirí agus ag scoláirí. Léireoidh an cur chuige i leith na tuairiscithe meas ar na gnéithe éagsúla d'fhoghlaim na scoláirí agus ar an raon cur chuige i leith an mheasúnaithe, measúnú foirmitheach agus suimitheach araon, a léiríonn fianaise ar an bhfoghlaim seo ag scoláirí. Éascóidh an cur chuige i leith na tuairiscithe an soláthar ar eolas ón measúnú bunaithe ar na heilimintí seo a leanas:

- Measúnuithe foirmitheacha go leanúnach, ar a n-áirítear tascanna agus trialacha gnáthúla múinteoir-dheartha
- Measúnuithe rangbhunaithe struchtúrtha a tharlaíonn sa dara agus sa tríú bliain
- Measúnú ar fhoghlaim bunaithe ar ghearrchúrsaí nó ar aonaid tosaíochta foghlama
- An Tasc Measúnachta scríofa a leanann an dara Measúnú Rangbhunaithe
- Na torthaí ó scrúdú suimitheach an stáit

Tacófar le scoileanna chun tuairisciú ar na heilimintí seo trí theimpléid thuairiscithe chaighdeánacha a chur ar fáil, a bheidh oiriúnach don chomhthéacs iar-bhunscoile, don úsáid sa chéad, sa dara agus sa tríú bliain. Roimh dheireadh an chéad téarma tar éis chríoch na sraithe sóisearaí, gheobhaidh gach scoláire Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) ilchodach óna scoil. Beidh léargas le fáil i PGSS ar na heilimintí éagsúla go léir den mheasúnú a rinneadh thar trí bliana na sraithe sóisearaí, ina measc na gráid a bheidh eisithe cheana agus ar leithligh ag CSS.

## Comhoibriú gairmiúil breise idir mhúinteoirí

Tugtar aitheantas sa *Creat don tSraith Shóisearach (2015)* don tábhacht a bhaineann le forbairt ghairmiúil agus le comhoibriú idir mhúinteoirí chun bonn eolais a chur faoina dtuiscint ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar mheasúnú agus faoina gcleachtas sa rang. I gcás gach ábhair, beidh gach múinteoir, atá gafa leis na codanna rangbhunaithe a theagasc agus a mheas sa scoil, páirteach i gcruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ina ndéanfaidh siad samplaí dá measúnuithe ar obair scoláirí a roinnt agus a phlé agus ina ndéanfaidh siad comhthuiscint a fhorbairt faoi cháilíocht foghlaim scoláirí. Cuideoidh an tacaíocht struchtúrtha seo do Mheasúnuithe Rangbhunaithe (MRBanna) le comhsheasmhacht agus cothroime a dheimhniú laistigh den scoil agus idir scoileanna nuair a bhíonn breithmheasanna á ndéanamh ar fhoghlaim scoláirí.

Tacófar le breithmheasanna na múinteoirí ar obair scoláirí trí chaighdeáin foilsithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) a dhéanann cur síos ar fheidhmíocht ar gach cineál tasc measúnaithe ag leibhéil éagsúla, mar aon le heiseamláirí d'obair scoláirí ag leibhéil éagsúla a chur ar fáil do mhúinteoirí. Chun tuilleadh tacaíochta a chur ar fáil do mhúinteoirí, cuideoidh seirbhís tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí (SSM) le múinteoirí caighdeáin an CNCM a úsáid i gcomhar le múinteoirí eile sa scoil.

## Feidhmiú céimneach na Sraithe Sóisearaí

Na socruithe nua don churaclam agus don mheasúnú don tsraith shóisearach, tabharfar isteach iad go céimneach ionas gur féidir freastal ar shonrúcháin nua na n-ábhar a fhorbairt, ar fhorbairt ghairmiúil a sholáthar do mhúinteoirí agus ar phleanáil scoile. Tá forbhreathnú ar chur i láthair céimneach na Sraithe Sóisearaí nua i gCaibidil 3. Beidh deis freisin ag scoileanna gearrchúrsaí agus eispéiris fhoghlama eile a bheith mar chuid dá gcláir don tsraith shóisearach ón uair a chuirtear an clár i bhfeidhm ar dtús. Ba chóir a bheith san airdeall nach bhfuil sé i gceist gearrchúrsaí a chur ar fáil in ionad na n-ábhar atá ann cheana.

## Ag tacú le leanúnachas agus foghlaim

Tacóidh na hathruithe atá i gceist don fhoghlaim agus don mheasúnú sa tSraith Shóisearach nua le leanúnachas agus le dul chun cinn in eispéiris fhoghlama scoláirí agus iad ag gluaiseacht ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil. Nuair a bhíonn a leithéid ag tarlú, beidh siad mar chomhlanú ar thosaíochtaí aistrithe cosúil leis an bPas Oideachais[1]. Tacóidh an tsolúbthacht atá ag scoileanna chun a gcláir don tsraith shóisearach a dhearadh, go háirithe sa chéad bhliain den chlár, le scoláirí eispéireas ar aistriú rathúil a bheith acu.

[1] Tacaíonn ábhair an *Pas Oideachais* le heolas faoin dalta a aistriú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil agus tá tús curtha ag gach bunscoil leo ó 2014/2015. Tá fáil ar eolas breise ag www.ncca.ie/transfer agus ar Chiorclán Bunoideachais 0027/2015 ag www.education.ie

## Achoimre

Is léiriú é an *Creat don tSraith Shóisearach (2015)* ar an gcomhthuiscint atá againn ar, agus an muinín atá againn as, iliomad gnéithe dearfacha den chleachtas oideachasúil atá inár n-iar-bhunscoileanna faoi láthair. Cuireann sé treoirphlean ar fáil freisin chun feabhsú agus forbairt an tsoláthair don tsraith shóisearach a threorú sna blianta beaga atá romhainn. Tá fáil sa chuid eile den doiciméad seo ar ghnéithe éagsúla de na hathruithe curaclaim agus measúnaithe a bhaineann le soláthar na sraithe sóisearaí.

# Caibidil 2

# Conas mar a Thacaíonn an Creat leis an bhFoghlaim?

**Beidh an fhoghlaim sa tsraith shóisearach faoi thionchar:**

- Ocht bprionsabal atá mar bhonn leis an Creat don tSraith Shóisearach ina iomláine
- Ceithre ráiteas foghlama is fiche atá mar chroílár don phleanáil do, d'eispéireas na scoláirí ar, agus don mheastóireacht ar chlár na scoile don tsraith shóisearach
- Ocht bpríomhscil atá de dhíth ar gach scoláire don fhoghlaim rathúil

Cruthaíonn na prionsabail, ráitis foghlama agus príomhscileanna struchtúr do scoileanna chun a gclár don tsraith shóisearach a dhearadh. Treoir thábhachtach iad seo do scoláirí agus do thuismitheoirí/chaomhnóirí i leith na n-ionchas a bheidh acu maidir leis an tSraith Shóisearach. Déanfaidh siad plé a éascú agus a threorú freisin ar an gcineál cláir is féidir le scoil a sholáthar.


Beidh na prionsabail, na ráitis agus na scileanna seo mar bhonn eolais chomh maith don fhorbairt ar, agus don léiriú a thabharfar ó, na torthaí foghlama[2] do shonrúcháin ábhar agus gearrchúrsaí a chruthófar de réir mar a bhíonn an *Creat don tSraith Shóisearach* á thabhairt isteach go céimneach. Beidh solúbthacht agus lánrogha ag scoileanna cinneadh a dhéanamh faoin gcomhdhéanamh ábhar, gearrchúrsaí nó eispéireas foghlama eile a chuirfear ar fáil ina gclár trí bliana[3]. Beidh scoileanna ábalta freisin aonaid tosaíochta foghlama (ATFanna) a bheith mar chuid den soláthar do chlár sraithe sóisearaí a bhíonn ag freagairt do riachtanais grúpa beag scoláirí le mór-riachtanais speisialta oideachais[4].

[2] Is iad na torthaí foghlama ná ráitis i sonrúcháin churaclaim a dhéanann cur síos ar an eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna ar chóir do scoláirí a bheith ábalta a léiriú tar éis tréimhse foghlama.
[3] Is féidir teacht ar shonraí breise faoi na roghanna atá ar fáil do scoileanna i gCaibidil 3.
[4] Baineann sé seo le scoláirí ar leith a bhfuil míchumais foghlama ginearálta orthu i gcatagóirí ard-fheidhmithe meánacha agus íseal-fheidhmithe éadroma, áit a gcuireann míchumais dá leithéid cosc orthu cuid de na hábhair atá á dtairiscint, agus na gearrchúrsaí atá ailínithe go ginearálta le Leibhéal 3 den Chreat Cáilíochta Náisiúnta, nó iad uile, a rochtain.

## 2.1 Prionsabail

Tá ocht bprionsabal mar bhonn leis an *Creat don tSraith Shóisearach* (Figiúr 1). Treoróidh na prionsabail seo an phleanáil do chláir na sraithe sóisearaí i ngach scoil mar aon lena bhforbairt agus lena bhfeidhmiú.

*Figiúr 1: Prionsabail an oideachais sa tsraith shóisearach*




## 2.2 Ráitis foghlama

Tugtar cur síos ar an bhfoghlaim atá i gcroílár na Sraithe Sóisearaí i gceithre ráiteas foghlama is fiche mar atá i dTábla 1. Tugtar míniú san Aguisín ar na heispéiris fhoghlama a bhaineann le gach ceann de na ráitis foghlama.

Tá na ceithre ráiteas is fiche, bunaithe ar na hocht bprionsabal, mar chroílár don phleanáil do, d'eispéireas na scoláirí ar, agus don mheastóireacht ar chlár na scoile don tsraith shóisearach.

Cinnteoidh scoileanna go mbíonn na ráitis foghlama uile mar aon leis na hocht bpríomhscil sna cláir a bhíonn ar fáil dá scoláirí sa tsraith shóisearach. Beidh na torthaí foghlama mionsonraithe leagtha amach go soiléir i sonrúcháin ábhair agus gearrchúrsaí.

*Tábla 1: Ráitis foghlama*

1. Déanann an scoláire cumarsáid go héifeachtach ar bhealaí éagsúla i réimse comhthéacsanna sa T1[5].
2. Éisteann, labhraíonn, léann agus scríobhann an scoláire sa T2 agus i dteanga amháin eile ag leibhéal inniúlachta atá ag teacht lena c(h)umas féin.
3. Déanann an scoláire réimse leathan téacsanna a chruthú, a thuiscint agus a léirmhíniú go criticiúil.
4. Cruthaíonn agus cuireann an scoláire i láthair saothair ealaíonta agus tuigeann sé/sí an próiseas agus na scileanna atá i gceist.
5. Tá feasacht ag an scoláire ar luachanna pearsanta agus tuiscint ar an bpróiseas chun cinnteoireacht ar bhonn morálta a dhéanamh.
6. Tuigeann an scoláire mar a chuireann luachanna, creidiúintí agus traidisiúin éagsúla leis na pobail agus leis an gcultúr ina maireann sé/sí agus tá meas aige/aici orthu.
7. Tá meas ag an scoláire ar a bhfuil i gceist le bheith ina s(h)aoránach gníomhach, le cearta agus dualgais i gcomhthéacsanna áitiúla agus i gcomhthéacsanna níos leithne.
8. Tá meas ag an scoláire ar an oidhreacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tuigeann sé/sí an tábhacht atá leis an ngaol idir eachtraí atá thart agus eachtraí reatha, agus tábhacht na bhfórsaí is cúis le hathrú.
9. Tuigeann an scoláire bunús agus tionchair ghnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil an domhain mórthimpeall air/uirthi.
10. Tá an fheasacht, an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus an t-inspreagadh ag an scoláire le maireachtáil go hinbhuanaithe.
11. Gníomhaíonn an scoláire chun a leas féin agus leas daoine eile a chosaint agus a chothú.
12. Is rannpháirtí muiníneach agus cumasach é/í an scoláire sa ghníomhaíocht fhisiciúil agus tá inspreagadh ann/inti le bheith gníomhach go fisiciúil.
13. Tuigeann an scoláire tábhacht an bhia agus an chothaithe agus roghanna á ndéanamh aige/aici a bhaineann le stíl shláintiúil mhaireachtála.
14. Déanann an scoláire cinntí eolasacha airgeadais agus forbraíonn sé/sí scileanna maithe tomhaltacha.
15. Aithníonn an scoláire an úsáid is féidir a bhaint as eolas, scileanna agus tuiscint mhatamaiticiúil i réimsí uile na foghlama.
16. Déanann an scoláire cur síos ar phatrúin agus ar choibhneasa agus déanann sé/sí iad a léiriú, a léirmhíniú, a thuar agus a mhíniú.
17. Déanann an scoláire straitéisí a cheapadh agus a mheas chun fadhbanna a fhiosrú agus a réiteach ag baint úsáide as eolas, réasúnaíocht agus scileanna matamaiticiúla.
18. Déanann an scoláire breathnú agus measúnú ar eachtraí agus phróisis eimpíreacha agus baineann tátail agus cinntí bailí astu.
19. Tá meas ag an scoláire ar ról agus thionchar na heolaíochta agus na teicneolaíochta i leith na sochaí, agus ar an tábhacht phearsanta, shóisialta agus dhomhanda atá leo.
20. Úsáideann an scoláire teicneolaíochtaí cuí chun dul i ngleic le dúshlán deartha.
21. Cuireann an scoláire scileanna praiticiúla i bhfeidhm de réir mar a fhorbraíonn sé/sí múnlaí agus táirgí ag baint úsáide as ábhair agus as teicneolaíochtaí éagsúla.
22. Léiríonn an scoláire tionscnaíocht, tá sé/sí nuálach agus forbraíonn sé/sí scileanna fiontraíochta.
23. Tugann an scoláire smaoineamh ar aghaidh ó cheapadh go réadú.
24. Úsáideann an scoláire an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteacha chun foghlaim, chun cumarsáid a dhéanamh, chun obair agus chun smaoineamh go comhoibríoch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eiticiúil.

[5] Is í T1 an teanga ina bhfeidhmíonn an scoil (Béarla i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla; Gaeilge i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge). Is í T2 an dara teanga (Gaeilge i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla; Béarla i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge).

## 2.3 Ocht bpríomhscil

Tá gá le hocht bpríomhscil d'fhoghlaim rathúil na scoláirí *trasna* an churaclaim agus don fhoghlaim *lasmuigh* den scoil. Tá na príomhscileanna seo agus a n-eilimintí léirithe i bhFigiúr 2.

*Figiúr 2 Príomhscileanna agus a n-eilimintí*




I gcaitheamh na Sraithe Sóisearaí, déanfaidh scoláirí a gcumas sna hocht bpríomhscil seo a shealbhú agus a fheabhsú. Beidh lánbhrí ag baint leo sna heispéiris fhoghlama a bhíonn ag scoláirí agus beidh

léiriú le fáil orthu sna cuir chuige i leith an mheasúnaithe a bheidh in úsáid sa rang agus i scrúduithe. Tá na scileanna seo lárnach don fhoghlaim i ngach gnéith den tsraith shóisearach agus ina dhiaidh sin. Tá dlúthcheangal acu leis na scileanna is gá don tsraith shinsearach agus leo siúd atá forbartha cheana féin don oideachas luathóige agus don bhunoideachas.

I bhFigiúr 2, ainmnítear na príomhscileanna agus mínítear iad i dteanga ar féidir leis na scoláirí a úsáid agus a thuiscint. Cuideoidh sé seo leo freagracht níos mó a ghlacadh ar a bhfoghlaim.

Beidh na príomhscileanna leabaithe sna torthaí foghlama ag gach ábhar agus gearrchúrsa sa tsraith shóisearach. Mar sin, beidh múinteoirí soiléir maidir leis an gcaoi ina suíonn na príomhscileanna isteach in ábhar, i ngearrchúrsa nó in aonad tosaíochta foghlama agus leis an tslí inar chóir na scileanna a chur isteach i bpleanáil ranga.

## 2.4 Cén gaol atá ag an gCreat le tosaíochtaí eile?

Tá dlúthbhaint ag an *Creat don tSraith Shóisearach* leis:

- An *Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta (2011):*

  Luadh an t-athbhreithniú ar churaclam na sraithe sóisearaí mar phríomhghníomh i ndoiciméad na Straitéise. Leagann na sonrúcháin ábhar atá á bhforbairt béim níos láidre ar an litearthacht agus an uimhearthacht a theagasc agus a dhaingniú mar phríomhscileanna i ngach gné de churaclam na sraithe sóisearaí.

- An próiseas *Féinmheastóireacht Scoile (FMS)*


  Moltar do scoileanna próiseas na féinmheastóireachta scoile (FMS) a ghlacadh i leith na pleanála don tsraith shóisearach a chuirfidh ar a gcumas a soláthar reatha don tsraith shóisearach agus a gcleachtais teagaisc, fhoghlama agus mheasúnaithe a athbhreithniú ar bhealach fianaise-bhunaithe. Mar shampla, d'fhéadfadh scoileanna machnamh a dhéanamh ar an tslí ina mbíonn prionsabail an *Creat don tSraith Shóisearach* mar bhonn don fhoghlaim sa scoil agus d'fhéadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar an tslí ina bhfuil na príomhscileanna á bhforbairt trasna na n-ábhar atá ar fáil sa scoil. D'fhéadfaidís breathnú freisin ar an tslí ina n-éascaíonn cleachtas ranga an fhorbairt agus an measúnú ar na hocht bpríomhscil mar aon le machnamh a dhéanamh ar na hathruithe is gá a chur i bhfeidhm ar chleachtais teagaisc, fhoghlama agus mheasúnaithe ag leibhéal ábhair nó scoile uile chun riachtanais an Chreata a shásamh.

# Caibidil 3

# Cad a bheidh á fhoghlaim ag scoláirí?

**Le linn na sraithe sóisearaí, foghlaimeoidh scoláire trí:**

- Roinnt ábhar nó teaglaim ábhar agus gearrchúrsaí atá ailínithe ar an iomlán le Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC)
- Achar foghlama ar a dtugtar Folláine
- Aonaid Tosaíochta Foghlama (ATFanna) atá ailínithe ar an iomlán le Leibhéal 2 den CNC. Beidh siad seo mar chuid de chláir fhoghlama a fhreastalaíonn ar líon beag scoláirí le riachtanais speisialta oideachais.
- Eispéiris fhoghlama eile



Clúdóidh clár na sraithe sóisearaí an fhoghlaim in ábhair nó i roinnt ábhar agus gearrchúrsaí. Clúdófar raon eispéireas foghlama eile freisin. Beidh scoláirí gafa freisin le hachar foghlama ar a dtugtar **Folláine**. Cuirfear é seo ar fáil do scoláirí a bheidh ag tosú sa chéad bhliain i 2017. Do ghrúpa beag scoláirí le mór-riachtanais speisialta oideachais, tá fáil ar aonaid tosaíochta foghlama (ATFanna) agus ar ghearrchúrsaí ag Leibhéal 2.

Tá na sonrúcháin nua churaclaim agus mheasúnaithe (siollabais mar a bhíodh cheana) á gcur ar fáil ar bhonn céimneach mar atá léirithe i dTábla 2.

*Tábla 2 Feidhmiú céimneach na Sraithe Sóisearaí*

| Ábhair | Réimsí eile | Ag tosú do Scoláirí Bhliain 1 i: | Cláraithe den chéad uair ar PGSS: |
|---|---|---|---|
| Céim 1: Béarla | | Meán Fómhair 2014 | Fómhar 2017 |
| Céim 2: Eolaíocht agus Staidéar Gnó | | Meán Fómhair 2016 | Fómhar 2019 |
| Céim 3: Gaeilge, Nuatheangacha (Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis, Iodáilis) agus Ealaín, Ceardaíocht & Dearadh | Folláine | Meán Fómhair 2017 | Fómhar 2020 |
| Céim 4: Matamaitic, Eacnamaíocht Bhaile, Stair, Ceol agus Tíreolaíocht | | Meán Fómhair 2018 | Fómhar 2021 |
| Céim 5: Ábhair Theicneolaíochta (Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad), Grafaic Theicniúil, Miotalóireacht, Teicneolaíocht), Oideachas Reiligiúnach, Léann Giúdach agus na Clasaicí | | Meán Fómhair 2019 | Fómhar 2022 |

## 3.1 Ábhair

Leanfaidh ról tábhachtach na n-ábhar mar chuid de chlár nua na sraithe sóisearaí. Déanfaidh scoláirí staidéar ar dheich n-ábhar, ar a mhéid, don mheasúnú ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS). Seachas Béarla, Gaeilge agus Matamaitic, beidh gá le híosmhéid 200 uair an chloig ar an gclár ama do pháirteachas scoláirí ar a n-áirítear gníomhaíochtaí teagaisc, foghlama agus measúnaithe. Beidh gá íosmhéid 240 uair an chloig ar an gclár ama do pháirteachas scoláirí i ngach ceann de na hábhair Béarla, Gaeilge agus Matamaitic.

Déanfaidh formhór na scoláirí staidéar ar idir ocht agus deich n-ábhar nó a gcomhionann. Nuair a bhíonn teaglaim ábhar agus gearrchúrsaí á staidéar ag scoláirí, is féidir leo uasmhéid ocht n-ábhar a staidéar don mheasúnú ag CSS má tá trí nó ceithre ghearrchúrsa á staidéar acu. Is féidir uasmhéid naoi n-ábhar a staidéar don mheasúnú ag CSS do scoláirí a bhfuil gearrchúrsa nó dhó á staidéar acu.

Tá síneadh á chur le scrúdú reatha an Teastais Shóisearaigh san Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) go dtí 2019. Is féidir le scoláirí a bheidh ag tosú sa chéad bhliain i 2015-2016 agus i 2016-2017 an scrúdú OSSP a dhéanamh mar aon leis an uasmhéid deich n-ábhar.

Nuair a bhíonn na sonrúcháin nua go léir i dtreo, beidh aon ábhar is fiche ar fáil don staidéar (féach Tábla 3). Ní chuireann sé seo cosc le hathbhreithniú eile ar na hábhair amach anseo.

*Tábla 3 Ábhair atá ar fáil don staidéar*[6]

| |
|---|
| Béarla; Gaeilge; Matamaitic; Eolaíocht; Staidéar Gnó; Nuatheangacha (Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis, Iodáilis); Stair; Tíreolaíocht, Oideachas Reiligiúnach; Ealaín, Ceardaíocht & Dearadh; Eacnamaíocht Bhaile; Ceol; Ábhair Theicneolaíochta (Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad); Grafaic Theicniúil; Miotalóireacht; Teicneolaíocht) Léann Giúdach agus na Clasaicí |

- Beidh cur síos ar inneachar an ábhair is fiche uile ar fáil i sonrúcháin nua ar líne.
- Foilseofar sonrúcháin na n-ábhar go luath sa bhliain roimh dóibh tosú agus beidh fáil orthu ag www.curriculumonline.ie
- Tá sonrúcháin ábhar á dtabhairt isteach go céimneach (Tábla 2).
- Beidh na sonrúcháin don ábhar is fiche ailínithe ar an iomlán le Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochta (CNC).
- Tá na príomhscileanna leabaithe sna torthaí foghlama do gach sonrúchán.

Déanfaidh scoláirí staidéar ar Bhéarla, ar Ghaeilge, agus ar Mhatamaitic mar aon le roinnt ábhar eile i gclár na sraithe sóisearaí. Beidh éagsúlachtaí sa raon ábhar a bheidh ar fáil ar chlár na sraithe sóisearaí in aon scoil ar leith ag brath ar acmhainní teagaisc na scoile agus ar riachtanais agus ábhair spéise na scoláirí.

[6] Ba chóir aird a thabhairt orthu seo a leanas:

- Níl Eolas Imshaoil agus Daoneolas (EID), atá ar fáil faoi láthair mar rogha ábhair do raon teoranta scoileanna, san áireamh ar liosta na n-ábhar do chlár nua na sraithe sóisearaí. Nuair a thugtar na sonrúcháin nua don Stair agus don Tíreolaíocht isteach i 2018, ní bheidh EID ar fáil a thuilleadh mar ábhar. Beidh scrúdú EID ar fáil den uair dheireanach sa bhliain 2020.
- Is féidir le scoileanna clár oideachais reiligiúnaigh ar leith a sholáthar de réir a n-éitis mar aon le hOideachas Reiligiúnach.
- Rinneadh athbhreithniú ar Laidin, Gréigis agus Léann Clasaiceach an Teastais Shóisearaigh sa bhliain 2010. Cinneadh iad a chumasc in aon ábhar amháin ar a dtugtar na Clasaicí. Beidh an t-ábhar nua seo san áireamh sa tSraith Shóisearach nua agus tá sé le bheith ar fáil i Meán Fómhair 2019.
- Níl an clóscríobh ina ábhar aitheanta a thuilleadh sa tSraith Shóisearach nua. Beidh sé á scrúdú den uair dheireanach i mí an Mheithimh 2016. Tá eolas breise ar fáil i gCiorclán 0061/2014 ag www.education.ie

San idirthréimhse, fágfar ann siollabais ábhar an Teastais Shóisearaigh reatha go dtí go dtagann na sonrúcháin nua ina n-ionad de réir an sceidil chéimnigh mar atá i dTábla 2. Beidh torthaí foghlama a bheidh ceangailte le samplaí d'obair scoláirí ag leibhéil ghnóthachtála éagsúla mar chuid de gach sonrúchán.

*Tábla 4 Sonrúcháin na n-ábhar*

| Roinn | Ábhar | |
|---|---|---|
| 1 | Réamheolas ar an tSraith Shóisearach | Beidh sé seo i gcoiteann ag na sonrúcháin uile agus tabharfaidh sé achoimre ar phríomhthréithe an *Creat don tSraith Shóisearach*. |
| 2 | Aidhm | Tabharfar aidhm bheacht don ábhar. |
| 3 | Bunús | Tabharfaidh sé seo cur síos ar nádúr agus aidhm an ábhair chomh maith leis na héilimh agus cumais ghinearálta a leagfaidh sé agus a lorgóidh sé ar na scoláirí. Beidh sé mar aidhm aige, de réir mar a oireann, aird a dhíriú ar na dúshláin agus ar aon cheist rochtana a bhaineann le staidéar an ábhair do scoláirí le sainriachtanais nó le míchumais. |
| 4 | Naisc le<br>• Ráitis foghlama<br>• Príomhscileanna | Déanfar an chaoi ina bhfuil an t-ábhar nó an gearrchúrsa nasctha le tréithe lárnacha na foghlama agus an teagaisc sa tsraith shóisearach a aibhsiú agus a mhíniú. |
| 5 | Forbhreathnú<br>• Snáitheanna<br>• Torthaí foghlama | Léireoidh forbhreathnú ar an ábhar nó ar an ngearrchúrsa cé mar atá sé eagraithe agus leagfaidh sé amach an fhoghlaim atá i gceist i snáitheanna agus i dtorthaí foghlama. |
| 6 | Ionchais maidir le scoláirí | Beidh siad seo nasctha le grúpaí de thorthaí foghlama agus bainfidh siad le samplaí de shaothar scoláirí. Beidh na samplaí anótáilte, ag míniú cé acu an bhfuil an saothar ag teacht le, chun tosaigh ar, nó taobh thiar de hionchais do scoláirí. |
| 7 | Measúnú agus tuairisciú | Déanann an roinn seo tagairt do mheasúnú foirmitheach agus suimitheach araon. Léiríonn sí an chomhpháirt/na comhpháirteanna measúnaithe trína gcuirfidh scoláirí fianaise i láthair ar an bhfoghlaim ar bhonn leanúnach, agus ar mhaithe le gnóthachtáil a thaifeadadh do Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)[7].<br><br>Cuirfear leis an léiriú seo ar mheasúnú le mionsonraithe agus treoirlínte ar leith do mheasúnú le húsáid sa dara bliain agus sa tríú bliain. |

[7] Is í an bharrchríoch a bheidh ar an bpróiseas tuairiscithe sa tsraith shóisearach go mbronnfar an PGSS ar scoláirí. Tuairisceoidh an PGSS, a bheidh faighte ag gach scoláire sa téarma i ndiaidh na tríú bliana, ar an ngnóthachtáil thar raon achar foghlama (Féach Caibidil 6).

Tabharfaidh comhéadan ar líne rochtain do mhúinteoirí ar raon leathan acmhainní breise, ar a n-áirítear eiseamláirí anótáilte d'obair scoláirí. Ciallaíonn an rochtain ar líne ar shonrúcháin gur féidir le múinteoirí, tuismitheoirí/caomhnóirí, scoláirí agus daoine eile teacht orthu go héasca.

### Béarla, Gaeilge agus Matamaitic

Beidh Béarla, Gaeilge agus Matamaitic mar chuid lárnach de chlár na sraithe sóisearaí don uile scoláire. Cuirfear na hábhair seo ar fáil ag dhá leibhéal, ardleibhéal agus gnáthleibhéal, agus léireofar é seo sa scrúdú stát-theistithe measta go seachtrach. Leibhéal comónta a bheidh i gceist do na Measúnuithe Rangbhunaithe[8] sa dara agus sa tríú bliain.

Dearfar na sonrúcháin sa Bhéarla, sa Ghaeilge, agus sa Mhatamaitic le h**íosmhéid** 240 uair an chloig de pháirteachas an scoláire thar na trí bliana. Beidh sé mar rogha ag scoileanna am breise a chur sa chlár ama don Bhéarla, don Ghaeilge agus don Mhatamaitic mar aitheantas ar an bpríomhról a bhíonn ag an mBéarla agus ag an Matamaitic ag tacú le litearthacht agus le huimhearthacht i scoileanna a bhíonn ag feidhmiú trí mheán an Bhéarla, príomhról na Gaeilge, an Bhéarla agus na Matamaitice i gcothú na litearthachta agus na huimhearthachta i scoileanna a bhíonn ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge, agus an stádas ar leith a bhaineann leis an nGaeilge i ngach iar-bhunscoil.

Sna sonrúcháin do gach ábhar beidh béim ar litearthacht agus uimhearthacht a thacóidh le dul chun cinn agus le gnóthachtáil scoláirí sna réimsí seo agus iad ag aistriú ón mbunscoil. Beidh na príomhscileanna, Litearthacht agus Uimhearthacht, leabaithe sna torthaí foghlama do gach ábhar. Beidh solúbthacht agus neamhspleáchas ag scoileanna nuair a bhíonn siad ag teacht ar chinneadh faoin tslí ina gcuirfidh siad leis an mbéim ar litearthacht agus uimhearthacht. D'fhéadfadh go gclúdódh socruithe dá leithéid ranganna breise ar an gclár ama i ngach scoil don Bhéarla agus don Mhatamaitic, agus don Ghaeilge freisin i gcás scoileanna a bhíonn ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge, mar aon le deiseanna bríocha a sholáthar chun scileanna litearthachta agus uimhearthachta na scoláirí a fhorbairt trasna na n-ábhar. D'fhéadfadh freisin go n-áireofaí i measc na socruithe seo an soláthar ar dheiseanna léitheoireachta do dhaltaí agus a bpáirteachas i ngníomhaíochtaí comhchuraclaim bainteach le litearthacht agus uimhearthacht.

Tá roinnt scoláirí a mbeidh díolúintí acu ón nGaeilge ina mbunscoileanna agus dá réir sin b'fhéidir nach mbeidh orthu staidéar a dhéanamh uirthi don mheasúnú ag CSS. I ngeall ar bhéim na sonrúchán ar ghnéithe labhartha agus cultúrtha na Gaeilge, áfach, tá sé tábhachtach scoláirí na sraithe sóisearaí a ghríosadh chun staidéar a dhéanamh ar an teanga, rud a bheidh ar a gcumas a dhéanamh lena bpiaraí, agus is féidir breathnú air seo mar dheis chun inniúlacht phearsanta ag leibhéal a oireann dá gcumas a bhaint amach.

### Ábhair eile

Déanfar na sonrúcháin don ocht n-ábhar déag eile a dhearadh d'íosmhéid 200 uair an chloig de rannpháirtíocht an scoláire ar an gclár ama. Socrófar na Measúnuithe Rangbhunaithe ag leibhéal comónta agus beidh scrúdú stát-theistithe, measta go seachtrach, ag leibhéal comónta.

[8] Tá fáil ar eolas breise faoi na Measúnaithe Rangbhunaithe i gCaibidil 5.

**Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh**

Leanfaidh an soláthar reatha do Chlár Scoile an Teastais Shóisearaigh (CSTS) go fóill. Ábhar don athbhreithniú a bheidh i CSTS amach anseo nuair a bhíonn cuid mhór den tSraith Shóisearach nua i bhfeidhm.

## 3.2 Gearrchúrsaí

Is féidir le scoileanna freisin deiseanna a sholáthar do scoláirí chun líon beag gearrchúrsaí a dhéanamh. Déanfar na gearrchúrsaí seo a mheas trí Mheasúnú Rangbhunaithe a dhéanfaidh an scoil a thuairisciú do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus do scoláirí. Beidh gá, do gach gearrchúrsa, le 100 uair an chloig rannpháirtíochta ón scoláire thar trí bliana na sraithe sóisearaí.

Is é príomhchuspóir na ngearrchúrsaí ná solúbthacht bhreise a chur ar fáil do scoileanna agus clár na sraithe sóisearaí á sholáthar acu. Tabharfaidh cuimsiú na ngearrchúrsaí ar chlár na sraithe sóisearaí deis do scoileanna freisin eispéiris fhoghlama na scoláirí a leathnú, freastal ar a réimsí spéise agus achair fhoghlama a chlúdach nach mbíonn clúdaithe i dteaglaim na n-ábhar curaclaim atá ar fáil sa scoil. Níl sé i gceist go ndéanfaí gearrchúrsaí a chur ar fáil in ionad na n-ábhar atá ann cheana. Is féidir le scoileanna ceithre ghearrchúrsa ar a mhéid a chur ar fáil ar a gclár don tsraith shóisearach ach moltar go láidir dóibh an líon gearrchúrsaí a bhíonn á ofráil acu a theorannú, go háirithe sna luathbhlianta feidhmithe den *Creat don tSraith Shóisearach*.

Tá seacht ngearrchúrsa atá ailínithe go ginearálta le Leibhéal 3 den CNC, forbartha ag an CNCM agus is iad sin:

- Códú
- Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha
- Taibhiú Ealaíne
- Teanga agus Cultúr na Síne
- Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS)
- Corpoideachas
- Oideachas Saoránach Sóisialta Polaitiúil (OSSP)

Tá na gearrchúrsaí seo ar fáil ar líne ag www.curriculumonline.ie

Ó 2017, déanfar na gearrchúrsaí OSPS, OSSP agus Corpoideachas a chuimsiú i sonrúcháin na Folláine (féach 3.3. thíos). Ó 2017, is féidir le scoileanna suas le ceithre ghearrchúrsa a ofráil ar chlár na sraithe sóisearaí mar aon leis an achar foghlama dar teideal Folláine.

Cuirfidh an CNCM gearrchúrsa breise san Fhealsúnacht ar fáil freisin.

Tá sé mar rogha ag scoileanna gearrchúrsaí a bhíonn forbartha ag an CNCM, nó mar mhalairt, gearrchúrsaí a bhíonn forbartha ag an scoil nó ag eagraíocht eile de réir theimpléid agus threoirlínte

an CNCM a chur san áireamh. Beidh éagsúlachtaí ó scoil go scoil sa soláthar ar ghearrchúrsaí, i gcomhréir le roinnt tosca, agus is iad sin:

- dearadh agus comhdhéanamh chlár na scoile don tsraith shóisearach
- na hacmhainní atá ar fáil
- riachtanais agus réimsí spéise na scoláirí
- infhaighteacht, saineolas agus cáilíochtaí múinteoirí
- dearcthaí tuismitheoirí/caomhnóirí
- an tslí inar féidir iad a chomhtháthú i gclár ama na scoile

Má roghnaíonn scoileanna gearrchúrsaí a chur ar fáil, moltar dóibh líon beag gearrchúrsaí a ofráil sna blianta tosaigh agus a leithéid de chúrsaí a thabhairt isteach de réir a chéile.

## 3.3 Folláine

Am criticiúil i saol daoine óga is ea blianta na sraithe sóisearaí. Bíonn daoine óga faoi thionchair éagsúla agus bíonn gá acu le tacaíocht chun cinntí dearfacha freagracha a dhéanamh maidir lena sláinte agus lena bhfolláine féin agus le folláine daoine eile. Baineann folláine sa tsraith shóisearach le daoine óga a bheith ag mothú muiníneach, sona, sláintiúil agus i dteagmháil le daoine agus leis an saol.

Tá folláine mar cheann de na prionsabail atá mar bhonn le hoideachas na sraithe sóisearaí. Tá léiriú le fáil uirthi i roinnt de na ráitis foghlama, ar a n-áirítear:

Maidir leis an scoláire:

- Tá feasacht ag an scoláire ar luachanna pearsanta agus tuiscint ar an bpróiseas chun cinnteoireacht ar bhonn morálta a dhéanamh.
- Gníomhaíonn an scoláire chun a leas féin agus leas daoine eile a chosaint agus a chothú.
- Is rannpháirtí muiníneach agus cumasach é/í an scoláire sa ghníomhaíocht fhisiciúil agus tá inspreagadh ann/inti le bheith gníomhach go fisiciúil.
- Tuigeann an scoláire tábhacht an bhia agus an chothaithe agus roghanna á ndéanamh aige/aici a bhaineann le stíl shláintiúil mhaireachtála.
- Tá an fheasacht, an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus an t-inspreagadh ag an scoláire le maireachtáil go hinbhuanaithe.
- Tá meas ag an scoláire ar a bhfuil i gceist le bheith ina s(h)aoránach gníomhach, le cearta agus dualgais i gcomhthéacsanna áitiúla agus i gcomhthéacsanna níos leithne.

Tá an fholláine san áireamh freisin i roinnt de na príomhscileanna, go háirithe Bheith folláin i gcónaí, Cumarsáid a dhéanamh, Dul i mbun oibre le daoine eile agus Mé Féin a Bhainistiú.

Tabharfaidh scoláirí faoin bhfoghlaim in achar nua dar teideal Folláine thar na trí bliana den tsraith shóisearach. Cuirfidh an t-achar foghlama seo leis an obair sár-mhaith atá tarlaithe go dtí seo in iar-bhunscoileanna chun tacú le folláine scoláirí. Tógfaidh sé ar na heispéiris fhoghlama bainteach le folláine a bhí ag scoláirí sa bhunscoil.

Cruthóidh Folláine deiseanna foghlama chun cur le folláine agus teacht aniar fisiciúil, meabhrach, mothúchánach agus sóisialta scoláirí, agus cuirfear ar chumas scoláirí scileanna saoil a fhorbairt mar aon le tuiscint láidir a fhorbairt ar a gcóngas leis an scoil agus lena bpobal. Leagfar béim freisin ar ról scoláirí ina dteaghlach, sa phobal agus sa tsochaí i gcoitinne. Chomh maith leis sin beidh sí mar chomhlánú ar ionchur an teaghlaigh, an phobail agus na ngníomhaireachtaí ábhartha sa tacaíocht a thugann siad d'fholláine scoláirí.

Clúdóidh an t-achar foghlama seo foghlaim a bhain go traidisiúnta le Corpoideachas, OSPS[9] agus OSSP. Beidh sé mar rogha ag scoil achair eile a chlúdach ina soláthar don Fholláine. Mar shampla, mar aitheantas don chion ar leith gur féidir leis an treoir a dhéanamh do chothú folláine scoláirí, is féidir soláthar don treoir a áireamh sna huaireanta a bheidh ar fáil don Fholláine. Is féidir gnéithe eile den fhoghlaim bainteach le hábhair aonair nó le gearrchúrsaí a thacóidh, i dtuairim na scoile, le foghlaim an scoláire san achar seo a chur san áireamh freisin san Fholláine.

Beidh suas le 400 uair an chloig ar fáil don fhoghlaim in achar na Folláine ag tosú le híosmhéid 300 uair an chloig de rannpháirtíocht ar an gclár ama ó 2017 agus méadóidh sé seo go dtí an t-iomlán ama de réir mar a chuirtear an tsraith shóisearach nua i bhfeidhm go hiomlán.

Beidh scoláirí gafa freisin le foghlaim bainteach le Folláine trí chultúr na scoile agus trí thaithí scoláirí ar fheidhmiú polasaithe ábhartha scoile uile. Áireofar i measc na bpolasaithe seo Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG), agus polasaithe na scoile don Iompar, Frithbhulaíocht, Cothú na Sláinte, Úsáid Substaintí agus Cosaint Leanaí. Tacófar freisin le gafacht na scoláirí leis an bhfoghlaim in achar na Folláine trí ghníomhaíochtaí bainteach le tréadchúram agus trí chórais thacaíochta do scoláirí.

Cuirfidh an CNCM sonrúchán ar fáil d'achar na Folláine. Cuirfidh sí comhairle ar fáil freisin faoin bhformáid do chuir chuige cuí an mheasúnaithe don achar seo. I ngeall ar an ngoilliúnacht a bhaineann in amanna leis an achar foghlama seo, beidh solúbthacht mhór ar fáil do scoileanna nuair a bhíonn an fhoghlaim ar Fholláine á meas agus á tuairisciú.

Sa chomhthéacs seo, agus chun deis a thabhairt do scoileanna ullmhú don achar foghlama nua seo agus don fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) is gá a sholáthar sa bhliain sula gcuirtear í i bhfeidhm, tabharfar Folláine isteach ar chlár na sraithe sóisearaí don uile scoil ó Mheán Fómhair 2017. Beidh na scoláirí a bheidh ag tosú sa chéad bhliain i mí Mheán Fómhair 2017 ar na chéad scoláirí a thabharfaidh faoin achar foghlama nua bainteach le Folláine. Faoi shamhradh 2020, beidh sé comhtháite go hiomlán thar bhliainghrúpaí uile na sraithe sóisearaí. Glactar leis go mb'fhéidir go mbeidh gá le solúbthacht áirithe maidir leis na huaireanta don Fholláine i mblianta tosaigh na Sraithe Sóisearaí nua.

Chun cuidiú leis na forbairtí thuasluaite, leanfaidh na socruithe don OSPS, OSSP agus don Chorpoideachas, mar atá i gCiorclán 0020/2014 [10] do scoláirí na chéad bhliana a bheidh ag tosú i Meán Fómhair 2015 agus 2016. Is féidir le scoileanna na siollabais atá ann cheana do na hachair seo a chur san áireamh ina gclár don tsraith shóisearach nó, ina ionad sin, gearrchúrsaí nua atá ar fáil ó Mheán Fómhair 2014 a ofráil. Dá réir sin coimeádfar scrúdú reatha an OSSP don tSraith Shóisearach ar feadh dhá bhliain acadúla eile go dtí 2019.

[9] Clúdaítear an tOideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) san OSPS freisin.
[10] Tá fáil ar Chiorclán 0020/2014 ag www.education.ie

## 3.4 Cláir Foghlama Leibhéal 2 agus Aonaid Tosaíochta Foghlama (ATFanna)

Mar chuid den tSraith Shóisearach nua, is féidir le scoileanna anois cláir ar a dtugtar Cláir Foghlama Leibhéal 2 (CFL2anna), deartha do líon beag scoláirí le sainriachtanais speisialta oideachais, a chur san áireamh. Oireann CFL2anna do scoláirí a bhfuil míchumais foghlama ginearálta acu i gcatagóirí ardfheidhmithe meánacha agus ísealfheidhmithe éadroma. Cuireann na riachtanais speisialta atá ag na scoláirí seo cosc orthu cuid de na hábhair agus na gearrchúrsaí atá á dtairiscint, nó iad uile, atá ailínithe go ginearálta le Leibhéal 3 den CNC, a rochtain. D'fhéadfadh a leithéid de scoláirí a bheith ag freastal ar scoil príomhshrutha[11] nó ar scoil speisialta.

Ba chóir a thuiscint gur chóir go mbeadh ar chumas tromlach na scoláirí le míchumais foghlama ginearálta formhór, nó an t-iomlán, de na hábhair agus na gearrchúrsaí a rochtain le teagasc, foghlaim agus measúnú idirdhealaithe. D'fhéadfadh úsáid ilchineálach ar leithdháileadh acmhainní ar nós grúptheagaisc, aistarraingt i ngrúpa beag nó go haonarach, éascú a dhéanamh freisin ar rochtain na n-ábhar agus na ngearrchúrsaí.

Tógann CFL2anna ar an bhfoghlaim cheana ach tá siad deartha go príomha thart ar aonaid tosaíochta foghlama (ATFanna) a dhíríonn ar na scileanna sóisialta, pearsanta agus réamh-ghairmiúla chun scoláirí a ullmhú don staidéar breise, don obair agus don saol. Tá cúig ATF forbartha ag an CNCM, agus iad seo ailínithe go ginearálta le Leibhéal 2 den CNC:

- Cumarsáid agus Litearthacht
- Uimhearthacht
- Cúram pearsanta
- Ag maireachtáil i bpobal
- Ag ullmhú chun oibre

Tá gach ATF deartha do suas le 250 uair an chloig rannpháirtíochta ag an scoláire agus tá siad leagtha amach i bhfoirm eilimintí agus torthaí foghlama. Déanann na heilimintí an fhoghlaim thábhachtach a bheidh mar thaithí ag an scoláire san ATF a shoiléiriú. Baineann sraith torthaí foghlama gaolmhara le gach eilimint faoi seach, ina ndéantar an raon eolais, scileanna agus inniúlachtaí atá le forbairt, a rianadh i gcás gach eiliminte. Nuair a bhíonn cláir fhoghlama á ndearadh do scoláire ar leith, roghnóidh scoileanna agus múinteoirí na heilimintí agus na torthaí ón ATF atá ábhartha do riachtanais fhoghlama an scoláire ar leith. Beidh a leithéid de chinntí ag brath ar riachtanais agus ar chumais oideachasúla an scoláire, agus ba chóir na cinntí seo a dhéanamh i gcomhairle le tuismitheoirí/caomhnóirí agus leis an scoláire. Ba chóir na cinntí uile a bheith faoi réir ag prionsabail na foghlama uileghabhálaí, mar atá i bhfoilseachán an ROS *Cuimsiú Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu, Treoirlínte Iar-bhunscoile (2009)*.

Tá tuilleadh eolais ar fáil do scoileanna faoin bpleanáil do chláir oideachais do scoláirí le riachtanais oideachais suntasacha i gCiorclán 0070/2014[12].

Tá a lán d'ábhar na ATFanna ailínithe le croíghnéithe na Folláine. Má bhíonn deacrachtaí ag scoláirí a mbíonn ATFanna á ndéanamh acu roinnt den soláthar curaclaim don Fholláine, nó an t-iomlán, atá ar fáil do phobal na scoile i gcoitinne a rochtain, beidh sé de rogha ag an scoil an clár foghlama do

[11] Mar ghnáthnós, bheadh scoláire nó dhó i dtuilleamaí CFL2anna i scoil príomhshrutha.

[12] Tá fáil ar Chiorclán 0070/2014 *Treoir d'iar-bhunscoileanna maidir le soláthar teagasc acmhainne agus tacaíocht foghlama* ag www.education.ie

scoláirí aonair a chur in oiriúint dóibh chun freastal ar riachtanais an scoláire ach a dheimhniú ag an am céanna go bhfuil soláthar agus tacaíocht chuí ar fáil don scoláire.

Tá forbairt déanta freisin ar dhá ghearrchúrsa atá ailínithe den chuid is mó le Leibhéal 2 CNC:

- Tionscadal Pearsanta – Aire a thabhairt d'Ainmhithe
- Eolaíocht Fhóiréinseach a Fhiosrú

Cuireann an fhoireann uirlisí do CFL2anna agus ATFanna atá ar fáil ag www.curriculumonline.ie sonraí breise ar fáil ar ATFanna agus ar ghearrchúrsaí ag Leibhéal 2 CNC. Tá sé i gceist go gcuideodh an Fhoireann Uirlisí le hiar-bhunscoileanna agus le scoileanna speisialta cláir fhoghlama a fhorbairt chun freastal ar riachtanais speisialta scoláirí laistigh den raon de mhíchumais foghlama ginearálta atá faoi thrácht.

Tá iniúchadh á dhéanamh freisin ag an CNCM maidir leis an ngá a bheidh ann Cláir Foghlama Leibhéal 1, atá ailínithe den chuid is mó le Leibhéal 1 den CNC, a thabhairt isteach in am is i dtráth. D'fhreastalódh na cláir seo ar riachtanais fhoghlama líon an-bheag scoláirí sa raon íseal meánach, agus i raon dian agus trom na míchumas foghlama ginearálta.[13]

## 3.5 Eispéiris fhoghlama eile

Beidh deis ag scoláirí a bheith páirteach i raon eispéireas foghlama eile ar chlár na sraithe sóisearaí. Beidh ról ríthábhachtach acu seo chun a dheimhniú go gcuirtear eispéireas oideachasúil leathan agus cothrom ar fáil do scoláirí, mar atá beartaithe tríd an Creat don tSraith Shóisearach.

D'fhéadfadh go gclúdódh na heispéiris fhoghlama rannpháirtíocht an scoláire le:

- gníomhaíochtaí bainteach le treoir, tréadchúram agus tacaíocht don scoláire, agus clár oideachais reiligiúnach na scoile féin
- gníomhaíochtaí comhchuraclaim a bhíonn mar chomhlánú ar an gcuraclam múinte, agus a mhéadaíonn agus a dhaingníonn an fhoghlaim d'aon ghnó, mar shampla, scoláirí a bheith páirteach in aonach eolaíochta; scoláirí a bheith páirteach i dtaibhiú ceoil; scoláirí a bheith páirteach i gcomórtas díospóireachta; scoláirí a bheith páirteach i dtaibhiú damhsa
- deiseanna sainfhoghlama eile nach mbíonn mar chuid de na hábhair ná na gearrchúrsaí, mar shampla, oiliúint cheannasaíochta, tosaíochtaí freastal scoile, rannpháirtíocht i gclub obair bhaile srl.

Leanfaidh scoileanna ach go háirithe de sholáthar a dhéanamh do threoir do scoláirí. Bainfidh sé seo le soláthar de réimse d'eispéiris fhoghlama in ord forbartha a chuideoidh le scoláirí scileanna féinbhainistíochta a fháil chun roghanna agus cinntí éifeachtúla a dhéanamh maidir lena saol. Leanfaidh an soláthar do threoir ag cuimsiú na trí réimsí, atá scartha ach nasctha - forbairt phearsanta agus shóisialta, treoir oideachasúil agus treoir ghairme. Beidh prionsabail an chreata ar nós Leanúnachas agus Ag Foghlaim conas Foghlaim, príomhscileanna ar nós Mé féin a Bhainistiú agus roinnt de na ráitis foghlama, ach go háirithe iad siúd a bhaineann le cinntí a dhéanamh, úsáideach mar threoir ar sholáthar na treorach. Ag teacht leis an bpolasaí reatha, leanfaidh

[13] Beidh na scoláirí seo, i mbeagnach gach cás, rollaithe i scoileanna speisialta seachas i scoileanna príomhshrutha, i ngeall ar chastacht a gcuid riachtanas.

scoileanna de sholúbthacht a bheith acu sa chinneadh ar an gcaoi ina ndéanfaidh siad soláthar don treoir.

Mar aon leis sin, is féidir le scoláirí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim, ar nós:

- ballraíocht ar chomhairle na mac léinn sa scoil
- rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí spóirt na scoile
- ballraíocht i gclubanna agus i gcumainn na scoile
- dianiarrachtaí sóisialta, fiontraíochta agus daonchairdiúla
- tosaíochtaí scoláire-bhunaithe, ar nós nuachtlitir scoile a chur ar fáil

Saibhríonn na gníomhaíochtaí uile thuas eispéiris na scoláirí i gcoitinne le linn na scolaíochta. D'fhéadfadh go mbeidh cur síos ar chuid acu seo faoi Eispéiris Fhoghlama Eile ar Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) (féach Caibidil 6) a thabharfaidh scoileanna dá scoláirí roimh dheireadh an chéad téarma tar éis chríoch chlár na sraithe sóisearaí.

## 3.6 Socruithe amchláir

Clúdóidh na gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama a bheidh ag tarlú ar chláir leasaithe na sraithe sóisearaí raon níos leithne gníomhaíochtaí agus cothromaíocht nua idir forbairt scileanna agus inniúlachtaí agus forbairt eolas na scoláirí. Chun an fhoghlaim seo mar aon le cleachtais mhaithe don mheasúnú foirmitheach a éascú, beidh gá le tréimhse ranga 40 nóiméad ar a laghad. Mar atá faoi láthair, beidh gá i gcaitheamh na seachtaine scoile le tréimhsí dúbailte ranga (2 x 40 nóiméad) do roinnt ábhar. Chomh luath agus a bhíonn sé praiticiúil a leithéid a dhéanamh, ba chóir do scoileanna a dheimhniú nach gcuirtear tréimhsí níos lú ná 40 nóiméad ar an gclár ama. Beidh treoir bhreise ar fáil faoi seo ar chiorclán ón ROS.

Beidh scoileanna áirithe ina mbeidh tréimhsí ranga níos faide, suas go 60 nóiméad (seachas 40 nóiméad), níos oiriúnaí do riachtanais fhoghlama a scoláirí agus do na hábhair a bhíonn á staidéar acu.

## 3.7 Cé na himpleachtaí atá ag an gCreat do Chiorcláin agus do na *Rialacha agus Clár d'Iar-Bhunscoileanna* mar atá?

De réir mar a bhíonn an *Creat don tSraith Shóisearach (2015)* á thabhairt isteach go céimneach go scoileanna, déanfar na *Rialacha agus Clár d'Iarbhunscoileanna*, agus an raidhse ciorclán a eisíodh san am atá thart, a athbhreithniú agus /nó a athsholáthar in oiriúint don Chreat.

Idir an dá linn, is éard a bheidh i gceist leis an gcuraclam ná an clár a chuireann scoil ar fáil chun freastal ar na prionsabail, ráitis fhoghlama agus príomhscileanna, mar atá sa doiciméad seo. Déanfar athsholáthar ar Riail 20 de na *Rialacha agus Clár d'Iarbhunscoileanna*, a shonraíonn an curaclam reatha d'iar-bhunscoil dheonach, thar thréimhse ama de réir mar a bhíonn fáil ar na sonrúcháin nua

ina mbeidh fáil ar riachtanais chlár an Chreata. Bainfidh na riachtanais seo le gach iar-bhunscoil gan idirdhealú idir iar-bhunscoileanna deonacha agus iar-bhunscoileanna de chineálacha eile.

Do na hiar-bhunscoileanna deonacha leanfar d'ábhair atá ann cheana le *Rialacha agus Clár d'Iarbhunscoileanna*, leasaithe mar atá i gciorcláin, go dtí go ndéantar sonrúchán nua a thabhairt isteach d'ábhar ar leith. Ar an gcaoi chéanna, leanfar le stádas reatha an OSSP, OSPS agus an Chorpoideachais mar atá sainithe sna ciorcláin ábhartha agus/nó sna *Rialacha agus Clár d'Iarbhunscoileanna* go dtí samhradh 2017. Tiocfaidh an cur chuige nua i leith na Folláine in ionad an chleachtais reatha ó Mheán Fómhair 2017.

Leanfar ag éileamh ar an uile scoil líon polasaithe scoile a bheith aontaithe acu, ar a n-áirítear polasaithe don Treoir, d'Úsáid Substaintí, do Chosaint Leanaí, agus don Fhrithbhulaíocht agus na polasaithe seo a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú go rialta. Is féidir teacht ar an raon iomlán polasaithe a bhfuil gá ag scoileanna leo i *Féinmheastóireacht Scoile: Treoirlínte d'Iarbhunscoileanna* ag www.education.ie

## 3.8 Éagsúlacht agus inrochtaineacht

Tagann scoláirí sa tsraith shóisearach ó chúlraí ilchineálacha agus bíonn raon leathan spéiseanna agus riachtanas ar leith acu. Beidh an fhorbairt ar shonrúcháin ábhar agus ar ghearrchúrsaí ag an CNCM deartha le bheith chomh huilíoch agus is féidir, ag cur deiseanna foghlama suntasacha agus luachmhara ar fáil do scoláirí ón uile chúlra cultúrtha agus sóisialta agus ó raon leathan cúinsí ar leith. Áirítear, mar chuid de seo, deimhniú go mbíonn an fáil is fearr is féidir ar dheiseanna foghlama ag scoláirí le riachtanais speisialta oideachais agus go gcuirtear na ráitis faoi na scileanna atá le forbairt in iúl ar bhealach a léiríonn seo. Ba chóir do scoileanna, nó do ghníomhaireachtaí eile a bhfuil gearrchúrsaí breise á n-ullmhú acu, an prionsabal seo faoi dhearadh uilíoch a leanúint.

Cruthóidh an tsolúbthacht bhreise a chuireann an Creat ar fáil deis do scoileanna comhthéacs áitiúil na scoile agus cúlraí, réimsí spéise agus cumais a scoláirí a chur san áireamh nuair a bhíonn a gclár don tsraith shóisearach á phleánáil acu. Cruthóidh an tsolúbthacht bhreise seo deis freisin dóibh a dheimhniú, laistigh de chlár na scoile, go mbíonn dóthain solúbthachta chun freastal ar riachtanais fhoghlama aonair na scoláirí uile, iad siúd le riachtanais speisialta oideachais san áireamh.

D'ainneoin a bhfuil thuas, beidh roinnt scoláirí nach n-éireoidh leo ar aon bhealach roinnt torthaí foghlama i sonrúcháin na n-ábhar agus na ngearrchúrsaí a bhaint amach i ngeall ar mhíchumas ar leith. Ba chóir do scoileanna a bheith san airdeall faoi seo nuair a bhíonn a gcláir don tsraith shóisearach á bpleanáil acu ionas go gcinnteofar, a mhéid agus is féidir, go mbíonn an raon ar leith ábhar agus cúrsaí oiriúnach do riachtanais agus do chumais gach scoláire. Ba chóir go mbeadh an scoláire féin agus a t(h)uismitheoirí /c(h)aomhnóirí ar an eolas freisin faoin bhféidearthacht maidir leis na roghanna curaclaim atá ar fáil i bhfianaise chumas an scoláire.

Leanfar mar atá le soláthar CSS maidir le socruithe réasúnacha a sholáthar i scrúdú an Teastais Shóisearaigh d'iarratasóirí a mbíonn an scrúdú stát-theistithe á dhéanamh acu in ábhair na sraithe sóisearaí.

# Caibidil 4

## Conas mar a athróidh an teagasc agus an fhoghlaim agus cé na tacaí a bheidh ar fáil?



## 4.1 Teagasc agus foghlaim

Go lárnach san athchóiriú ar an tsraith shóisearach tá an gá tógáil ar ár dtuiscint ar oideachas, deiseanna foghlama den scoth a chur ar fáil a chruthaíonn cothromaíocht idir eolas a fhoghlaim agus raon leathan scileanna agus cumais smaointeoireachta a fhorbairt. Tá sé i gceist leis na hathruithe ar shonrúcháin ábhar agus ar shocruithe don mheasúnú go dtógfar ar na barrchleachtais reatha sa chóras agus go dtacófar leis an bhforbairt bhreise ar chleachtas éifeachtach teagaisc, foghlama agus measúnaithe.

**Mar shampla, beidh deiseanna ag scoláirí agus spreagfar iad chun:**

- a bhfoghlaim a chur i bhfeidhm i raon comhthéacsanna éagsúla
- a bheith gafa le taighde, fiosrúchán agus iniúchadh
- eolas a bhailiú agus a shintéisiú
- smaoineamh go hanailíseach agus fadhbanna a réiteach
- a bheith cruthaitheach, fiontraíoch agus nuálach
- oibriú go neamhspleách agus/nó mar bhall d’fhoireann
- cinntí a dhéanamh, tuairimí a chur i bhfeidhm agus gníomhú a dhéanamh
- cumarsáid a dhéanamh agus freagairt go criticiúil do théacs agus do chomhrá
- teacht i láthair agus iad féin a chur i láthair ar bhealaí éagsúla
- comhoibriú le daoine eile chun tascanna a chur i gcrích
- smaoineamh go criticiúil agus machnamh ar a bhfoghlaim
- páirt a ghlacadh i gcomhrá lena múinteoirí agus lena bpiaraí
- meastóireacht a dhéanamh ar a bhfoghlaim féin, go haonarach nó i gcomhpháirt le piaraí

Beidh scoláirí ábalta dul i ngleic le sonrúcháin ábhar agus gearrchúrsaí ag leibhéal comónta i bhformhór na gcásanna. Is é an buntáiste a bhaineann leis seo ná go ndeimhnítear nach dtreoraítear scoláirí isteach i leibhéal foghlama ar leith go ró-luath ina bhforbairt acadúil agus phearsanta. Cuirfidh an cur chuige seo ar chumas scoláirí an taithí agus an barrmhian a bheith acu chun an leibhéal is airde is féidir a bhaint amach ionas go mbeidh roghanna níos mó ar fáil dóibh ag an tsraith shinsearach, ar a n-áirítear staidéar ag an ardleibhéal i scrúdú na hArdteistiméireachta.

Beidh an tSraith Shóisearach bonntacaithe ag comhtháthú breise ar mheasúnú foirmitheach mar ghnáthchuid den teagasc agus den fhoghlaim sa seomra ranga. Baineann measúnú foirmitheach le

machnamh múinteoirí agus scoláirí ar an tslí ina bhfuil an fhoghlaim ag dul chun cinn agus a gcinntí faoi na chéad chéimeanna eile chun torthaí rathúla a dheimhniú. Bíonn an t-aiseolas a chuireann múinteoirí ar fáil dá scoláirí mar chuid ríthabhachtach den mheasúnú foirmitheach. Trí úsáid a bhaint as raon gníomhaíochtaí measúnaithe cuidíonn an múinteoir leis an scoláire an méid atá bainte amach mar aon leis na deiseanna don fhoghlaim agus don fhorbairt bhreise a aithint. Éilíonn a leithéid an t-athrú ó bheith ag díriú den chuid is mó ar bhreithmheasanna suimitheacha go dtí an ghafacht le gníomhaíochtaí leanúnacha ar féidir iad a úsáid chun tacú leis na chéad chéimeanna eile den fhoghlaim. Is léiriú í an bhéim ar mheasúnú foirmitheach sa tSraith Shóisearach ar an gcleachtas éifeachtach atá le feiceáil cheana in a lán seomraí ranga.

Chun eascú a dhéanamh ar an gcineál foghlama atá beartaithe thuas, tiocfaidh ról an mhúinteora agus an dinimic a bhaineann leis an gcaidreamh múinteoir is scoláire chun cinn. Tiocfaidh forbairt ar ról an mhúinteora mar threoraí agus mar éascaitheoir ar an bhfoghlaim sa rang de réir mar a bhíonn príomhscileanna á bhforbairt nuair a bhíonn inneachar na n-ábhar, na ngearrchúrsaí agus na n-eispéireas foghlama á dteagasc. Leagfaidh múinteoirí béim bhreise ar an measúnú a chomhtháthú ina dteagasc ionas go mbeidh ar a gcumas monatóireacht níos fearr a dhéanamh ar dhul chun cinn na scoláirí san fhoghlaim agus tuiscint a fháil ar an tslí inar féidir leo tacú le scoláirí chun machnamh agus anailís chriticiúil a dhéanamh ar a bhfoghlaim féin.

Tá sé i gceist, ag tógáil ar an dea-chleachtas atá ag tarlú cheana féin in a lán seomraí ranga, go gcuideoidh ábhar agus leagan amach na gceachtanna sa tSraith Shóisearach nua le foghlaim níos doimhne. Mar shampla:

- Cuirfidh an t-aischothú idir múinteoirí agus scoláirí bonn eolais níos fearr faoin teagasc agus faoin bhfoghlaim.
- Beidh deiseanna breise ar fáil sna ceachtanna chun a chur ar chumas scoláirí a gcuid eolais agus foghlama a ghnóthú agus a chur i bhfeidhm ar bhealaí cruthaitheacha.
- Beidh níos lú fócais ar an ullmhúchán do scrúduithe agus níos mó fócais ar phleanáil chomhoibríoch don teagasc agus don fhoghlaim.
- Bainfear níos mó úsáide as acmhainní eile, ar a n-áirítear TFC agus acmhainní praiticiúla.
- Déanfar gníomhaíochtaí scríofa a dhearadh chun eolas agus scileanna scoláirí a shíneadh, a shaibhriú, agus a dhaingniú, agus chun deiseanna a chruthú do smaointeoireacht agus do mhachnamh neamhspleách scoláirí.

Cruthóidh feidhmiú na Sraithe Sóisearaí nua focás athnuaite ar an bhfoghlaim idirdhealaithe mar a mbíonn scoláirí ar gach leibhéal cumais páirteach agus ag dul chun cinn de réir a gcumas féin.

## 4.2 Conas mar a thacófar le múinteoirí sna hathruithe sa chleachtas?

Beidh sonrúcháin na n-ábhar agus na ngearrchúrsaí ar fáil ag www.curriculumonline.ie de réir mar a thagann forbairt orthu. I measc na sonrúchán ar líne d'ábhair agus do ghearrchúrsaí beidh torthaí foghlama soiléire, agus déanfar cur síos ar a mbeifear ag súil leis ó scoláirí trí shamplaí ranga d'obair na scoláirí a léiríonn raon caighdeán gnóthachtála. Tacófar le sonrúchán ábhair nua le deiseanna don fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) agus le treoir leanúnach d'fheidhmiú na sonrúchán curaclaim.

Leanfaidh seirbhís tacaíochta scoile na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí (SSM) ag tacú le scoileanna a gclár don tsraith shóisearach a chur i bhfeidhm le soláthar FGL ar ardchaighdeán agus le hacmhainní ábhartha don teagasc agus don fhoghlaim. Leanfar ag soláthar deiseanna oiliúna FGL do mhúinteoirí ábhair, lasmuigh den scoil agus ar bhonn scoile uile araon, agus do cheannairí scoile freisin.

Mar aon leis an FGL, leanfar ag cur ábhair eiseamláire agus tacaíochta comhlántaí ar líne ar fáil chun cuidiú le tús feidhme sceidealaithe an churaclaim. Tá siad seo ar fáil ar www.jct.ie. Déanfar aischothú ó mhúinteoirí agus ceisteanna don soiléiriú a chlárú agus a chur in ord go leanúnach ag cruinnithe agus trí láithreán gréasáin an SSM mar aon le meicníochtaí meán sóisialta. Mar thoradh air seo, cuirfear ábhair uasdátaithe, acmhainní agus eiseamláirí ar fáil chun tacú le múinteoirí agus le scoileanna. Cothóidh an cur chuige seo i leith na FGL comhrá gairmiúil agus comhroinnt ar eispéiris i measc ceannairí scoile agus múinteoirí. Áireofar FGL ábhar-dhírithe agus FGL scoile uile mar chuid de seo. Déanfar an FGL ábhar-dhírithe a sholáthar i scoileanna, thar roinnt blianta, roimh agus le linn thús feidhme gach ábhair. Cuirfear FGL ar fáil freisin d'fheidhmiú na ngearrchúrsaí agus na gClár Foghlama Leibhéal 2.

Leanfaidh an SSM ar eolas a sholáthar do scoileanna faoi na deiseanna éagsúla don FGL de réir mar a bhíonn fáil orthu. Déanfaidh an FGL comhlánú ar an obair atá ar bun ag na scoileanna féin agus ar an raon leathan ábhar atá curtha ar fáil ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM).

Tacóidh an CNCM leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim trí raon modúlachtaí don mheasúnú a shonrú do gach ábhar, go háirithe sa dara agus sa tríú bliain (Féach Caibidil 6). Mar aon leis sin, tá sé i gceist go dtacódh agus go gcuideodh an Fhoireann Uirlisí don Mheasúnú atá ullmhaithe ag an CNCM agus ar fáil ag www.juniorcycle.ie le múinteoirí ina gcuid oibre ar mheasúnú sa tsraith shóisearach.

## 4.3 Conas mar a thacófar le ceannairí scoile?

Aithnítear go n-éileoidh feidhmiú na mórathruithe curaclaim agus measúnaithe sa tSraith Shóisearach nua tiomantas na ceannasaíochta agus na bainistíochta i scoileanna. Mar aitheantas air seo, beidh FGL ar leith á sholáthar ag an SSM do cheannairí scoile agus beidh soláthar ar fáil don fhorbairt ghairmiúil scoile uile. Leanfaidh an SSM ar a leithéid de chláir chuimsitheacha FGL ar leith a sholáthar do cheannairí scoile chun a chur ar a gcumas pleanáil do theacht isteach na Sraithe Sóisearaí nua ina scoileanna. I measc na bpríomhcheisteanna feidhmithe a bheidh á láimhseáil ag an FGL seo do cheannairí scoile beidh tráthchlárú, pleanáil ábhair agus scoile uile, ceisteanna faoi sholáthar curaclaim agus rannpháirtíocht i gcomhoibriú múinteoirí.

Cuirfidh an Lárionad Ceannaireachta Scoile raon deiseanna don fhorbairt cheannaireachta ar fáil freisin agus comhlánóidh sé obair thacaithe na SSM do sholáthar an *Creat don tSraith Shóisearach*.

Tuigtear freisin go mbeidh gá le hacmhainní breise chun tacú le ceannairí scoile i gcur i bhfeidhm na Sraithe Sóisearaí nua. Mar shampla, déanfar an riarachán scoile uile ar Thascanna Measúnachta a acmhainniú trí uaireanta breise agus na hacmhainní is gá a dháileadh ar bhainistíocht na scoile chun bainistíocht éifeachtach agus shlán ar Thascanna Measúnachta CCS a chumasú. Rachaidh an ROS i gcomhpháirt leis an CNCM i dteagmháil le soláthróirí ar líne chun a dheimhniú go mbíonn rochtain ag scoileanna ar thuairisciú ar líne chun na socruithe tuairiscithe don tsraith shóisearach a éascú. Beidh ar chumas bainistíocht na scoile freisin dhá uair an choig breise a chur ar fáil do mhúinteoir don chomhordú ar gach cruinniú don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair d'ábhar ar leith. Bheadh sé seo sa bhreis gach bliain ar an 22 uair an chloig d'am gairmiúil a dháiltear sa chlár ama do gach múinteoir lánaimseartha.

## 4.4 Cé na hacmhainní breise a bheidh ar fáil do scoileanna?

Cuirfidh an ROS tacaíocht ghairmiúil ar fáil go córasach mar aon le hacmhainní tiomnaithe breise, ar a n-áirítear am, acmhainní curaclaim agus measúnaithe, agus FGL tiomnaithe, chun feidhmiú rathúil na Sraithe Sóisearaí nua a dheimhniú. Déanfar an soláthar acmhainní a athbhreithniú agus a uasdhátú go rialta.

Eascróidh impleachtaí tráthchláraithe do scoileanna ón tiomantas tacú le comhoibriú gairmiúil idir mhúinteoirí. Ar ndóigh beidh na hathruithe sa tSraith Shóisearach ag tarraingt ar an am gairmiúil a chaitheann gach múinteoir cheana féin ag ullmhú a c(h)uid oibre agus ag tacú léi. Beidh an t-am don phleanáil chomhoibríoch a chuireann scoileanna ar fáil cheana do ghrúpaí múinteoirí nó d'fhoirne ranna ábhar tábhachtach chun tacú leis an bhfeidhmiú. Beidh fáil, áfach, ar am gairmiúil breise ar bhonn pro-rata do gach múinteoir sa tsraith shóisearach chun tacú leis an gcuraclam nua agus le socruithe an mheasúnaithe don tsraith shóisearach. Laghdófar am teagmhála gach múinteora lánaimseartha ó 33 tréimhse teagaisc ar an gclár ama go 32 tréimhse teagaisc chun tréimhse gairmiúil 40 nóiméad amháin don tSraith Shóisearach a chur ar fáil do gach ceann de na 33 seachtaine den bhliain (bunaithe ar chlár ama scoile le tréimhsí 40 nóiméad). Is ionann an dáileadh ama seo agus 22 uair an chloig d'am gairmiúil ar an gclár ama do gach múinteoir lánaimseartha gach bliain[14].

Cuideoidh an t-am seo le múinteoirí a bheith gafa, de réir mar is gá, le raon gníomhaíochtaí gairmiúla agus comhoibríocha, agus is iad seo:

- Gníomhaíochtaí gairmiúla scoile uile chun tacú leis an tsraith shóisearach
- Gníomhaíochtaí gairmiúla an mhúinteora aonair agus ranna an ábhair, ar a n-áirítear gníomhaíochtaí bainteach le measúnú foirmitheach, le haiseolas, le tuairisciú agus le hionchuir atá tiomsaithe don PGSS
- Cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair[15]
- Ullmhúchán do chruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair
- An riarachán ar Thascanna Measúnachta CSS

[14] Tá tuilleadh eolais faoin am gairmiúil breise a chuirfear ar fáil do mhúinteoirí in *Junior Cycle Reform Appendix to Joint Statement on Principles and Implementation, Professional Time to Support Implementation 08 July 2015* ag www.education.ie

[15] Is féidir teacht ar eolas breise faoi shocruithe don mheasúnú ar a n-áirítear cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair mar aon le Tascanna Measúnachta i gCaibidil 5.

Beidh an tréimhse 40 nóimeád d'am gairmiúil a chuirfear ar fáil laistigh den chlár ama ar fáil do mhúinteoirí ar an tuiscint go mbainfidh siad úsáid as an am atá dáilte go solúbtha. Áireofar mar chuid den úsáid sholúbtha ar an am dáilte go ndéanfar tréimhsí ama a chuachadh agus go gcuirfear am ar fáil chun comhoibriú gairmiúil a éascú, go háirithe cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Is féidir le múinteoirí na tréimhsí ama a úsáid freisin don phleanáil aonair, don aischothú nó don tuairisciú ar ghníomhaíochtaí bainteach leis an tsraith shóisearach. Toisc nach féidir cruinnithe don chomhoibriú gairmiúil a thionól ach nuair is féidir leis na múinteoirí ábhair ábhartha a bheith i láthair, d'fhéadfadh go mbeadh gá úsáid a bhaint as am cuachta na múinteoirí do líon teoranta cruinnithe chun dul thar ghnáthuaireanta teagaisc scoile do roinnt d'am an chruinnithe.

Cuirfear an dáileadh ama breise ar fáil do gach múinteoir sa tsraith shóisearach ó thús na scoilbhliana 2017/2018. Cuideoidh an tús-ualú den am gairmiúil a bheidh á thabhairt isteach go mór leis an gcur i bhfeidhm scoile uile ar athchóiriú na sraithe sóisearaí ar a n-áirítear an ghafacht go luath sa phróiseas leis an measúnú foirmitheach a leabú ón gcéad bhliain go dtí an tríú bliain.

Idir an dá linn, cuirfear am breise ar fáil go céimneach le tosaíocht tugtha do na múinteoirí Béarla sa scoilbhliain 2015/16 agus do na múinteoirí Béarla, Eolaíochta agus Staidéar Gnó sa scoilbhliain 2016/2017. Cuirfear é seo ar fáil trí íocaíocht ar uaireanta ionadaíochta breise a chur ar fáil don scoil.

Beidh bord bainistíochta gach scoile, mar aon leis an bhfoireann bhainistíochta inscoile, freagrach don fheidhmiú go hiomlán ar an *Creat don tSraith Sóisearach* sa scoil, mar atá i gcás gnéithe eile d'obair na scoile. Sa chomhthéacs seo caithfear, faoi stiúir fhoriomlán bhainistíocht na scoile, na tréimhsí ama go léir a chuirfear ar fáil chun tacú le feidhmiú na Sraithe Sóisearaí a úsáid don ghnó sin.

# Caibidil 5

# Cén chuma a bheidh ar an measúnú?

**Beidh raon cur chuige i leith an mheasúnaithe i gceist chun an fhoghlaim a chomhlánú[16]:**

- Measúnuithe leanúnacha, ar a n-áirítear tascanna agus trialacha gnáthúla múinteoir-dheartha
- Tasc Measúnachta Rangbhunaithe nó dhó i ngearrchúrsaí
- Measúnú leanúnach do scoláirí a mbíonn aonaid tosaíochta foghlama á ndéanamh acu ag Leibhéal 2
- Measúnuithe Rangbhunaithe struchtúrtha d'ábhair sa dara agus sa tríú bliain
- Tasc Measúnachta scríofa d'ábhair a bheidh bunaithe ar an dara Measúnú Rangbhunaithe agus a chuirfear chuig CSS do mharcáil mar aon leis an scrúdú stát-theistithe
- Scrúdú stát-theistithe le measúnú seachtrach ar ábhair ag deireadh na tríú bliana
- Socruithe ar leith d'ábhair 'praiticiúla'

[16] Tá sé beartaithe freisin leis an *Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta (2011)* go gcuirfear tús le tástáil chaighdeánach lánchohórt ghnóthachtála don Bhéarla, don Mhatamaitic agus don Eolaíocht i scoileanna a bhíonn ag feidhmiú trí mheán an Bhéarla sa dara bliain agus don Ghaeilge, don Bhéarla, don Mhatamaitic agus don Eolaíocht i scoileanna a bhíonn ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge. I ngeall ar an tionchar a bheidh aige seo ar mheasúnú do scoláirí na dara bliana, agus an gá na hathruithe eile a leabú sa mheasúnú ag an tsraith shóisearach, déanfaidh an ROS athbhreithniú ar an am, agus ar theacht isteach céimneach a léithéid de thástáil lánchohórt i scoileanna i gcomhthéacs an athbhreithnithe eatramhaigh ar an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta.

## 5.1 Cuir chuige i leith an mheasúnaithe

Baineann an t-athrú is suntasaí sa tSraith Shóisearach nua le réimse an mheasúnaithe. Tá raon toirtiúil d'fhianaise ó thaighde a léiríonn gur féidir torthaí foghlama scoláirí a fheabhsú tríd an gcur chuige i leith an mheasúnaithe a leathnú. Aithnítear freisin nach féidir le haon ócáid mheasúnaithe amháin fianaise a sholáthar ar raon gnóthachtála uile an scoláire. Ba chóir go mbeadh an tacaíocht d'fhoghlaim an scoláire mar phríomhchuspóir ag gach measúnú sa tsraith shóisearach, pé acu foirmitheach nó suimitheach, ag am ar leith nó go leanúnach, CSS, CNCM nó múinteoir-dheartha.

Léiríonn taighde go dtarlaíonn na buntáistí is mó d'fhoghlaim scoláirí nuair a chuireann múinteoirí aiseolas éifeachtach ar fáil dóibh a chuidíonn leo tuiscint a fháil ar an tslí inar féidir leo a bhfoghlaim a fheabhsú. Sin é an fáth nach féidir plé maidir le cuir chuige don fhoghlaim ardcháilíochta a dheighilt ón bplé ar mheasúnú. Tá ríthábhacht ag baint le cleachtais mheasúnuithe ranga ar bhonn leanúnach chun tacú le foghlaim an scoláire agus le gnóthachtáil an scoláire a chur chun cinn. Baineann measúnú leanúnach le cleachtas a bhíonn foirmitheach agus suimitheach araon. Beidh measúnú foirmitheach, comhlánaithe ag measúnú suimitheach, mar shaintréith ag an tSraith Shóisearach nua.

Is féidir le cur chuige déthreoch an mheasúnaithe, ina mbíonn measúnú rangbhunaithe thar na trí bliana mar aon le scrúdú deiridh measúnaithe go seachtrach agus stát-theistithe, deis a chruthú don chothromaíocht chuí idir scoláirí a ullmhú do scrúduithe agus an smaointeoireacht chruthaitheach, gafacht leis an bhfoghlaim agus torthaí níos fearr do gach scoláire a éascú. Tabharfaidh a leithéid de chur chuige aitheantas do na cineálacha éagsúla foghlama a tharlaíonn i scoileanna, léireofar meas orthu agus ceadófar measúnú níos iomláine ar ghnóthachtálacha oideachasúla gach duine óig.

Déanfar na cleachtais don mheasúnú a thógáil ar an mbarrchleachtas sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú atá ar fáil cheana. Beidh cur i bhfeidhm rathúil ag brath go rímhór ar scileanna agus ar chumais ghairmiúla múinteoirí agus ar an bpáirteachas comhoibríoch a bhíonn acu lena gcomhghleacaithe i roinn an ábhair. Beidh gá freisin le ceannasaíocht éifeachtach scoile chun comhthéacs gairmiúil tacúil a chruthú do mhúinteoirí.

> Beidh measúnú foirmitheach, comhlánaithe ag measúnú suimitheach, mar shaintréith ag an tSraith Shóisearach nua.

## 5.2 Measúnú foirmitheach agus suimitheach

Beidh múinteoirí agus scoláirí páirteach go leanúnach i ngníomhaíochtaí don mheasúnú mar chuid den chleachtas ranga agus d'fhéadfadh nádúr foirmitheach nó suimitheach a bheith ag baint leis seo.

Bainfidh scoileanna úsáid as raon modhanna don mheasúnú foirmitheach nó suimitheach agus leagfaidh a leithéid béim ar an nádúr comhshnaidhmthe agus comhlántach a bhaineann le próiseas an mheasúnaithe sa tsraith shóisearach.


Ní féidir pictiúr iomlán a chruthú de ghnóthachtáil scoláirí gan deis a bheith ar fáil don mheasúnú leanúnach. Dá bhrí sin beidh ar scoileanna leas a bhaint as raon modhanna measúnaithe a cheadóidh do scoláirí a dtuiscint ar choincheapanna agus ar scileanna a léiriú mar aon lena gcumas iad seo a chur i bhfeidhm ar bhealaí nach féidir a léiriú i scrúdú scríofa. Nuair a chuirtear le chéile iad seo, cruthóidh eilimintí an mheasúnaithe a bheidh curtha i gcrích pictiúr leathan de thuras foghlama an scoláire thar thrí bliana na sraithe sóisearaí.

Gníomhaíochtaí foirmitheacha measúnaithe is mó a bheidh i gceist thar thrí bliana na sraithe sóisearaí. Bainfidh múinteoirí leas as na torthaí foghlama atá ar fáil ó shonrúcháin na n-ábhar nó na ngearrchúrsaí mar phointe tosaigh chun aonad foghlama a phleanáil agus chun cuspóirí foghlama agus critéir ratha a fhorbairt agus déanfar iad seo a phlé agus a roinnt lena scoláirí. Beidh cur síos soiléir le fáil sna torthaí foghlama seo ar an méid eolais, tuisceana agus cumais a mbeifear ag súil leis ó scoláirí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc a bhíonn tarlaithe le linn na sraithe sóisearaí.

Mar chuid dá gcleachtas laethúil, leanfaidh múinteoirí orthu ag meas foghlaim scoláirí go leanúnach trí bhreathnóireacht agus éisteacht nuair a bhíonn scoláirí i mbun tascanna agus trí bhreithmheasanna a dhéanamh ar an tslí ina bpléann siad le ceisteanna. Bainfidh múinteoirí úsáid as na cuspóirí foghlama agus as na critéir ratha mar bhonn le haiseolas a sholáthar chun cuidiú le scoláirí na chéad chéimeanna eile ina bhfoghlaim a phleanáil. Spreagfar scoláirí freisin chun machnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh acu ina bhfoghlaim féin agus chun aiseolas a thabhairt dá múinteoirí. Le forbairt chumas na féinbhainistíochta agus na féinfheasachta, rachaidh scoláirí i ngleic lena bhfoghlaim le muinín bhreise agus beidh siad níos ullmhaithe chun plé le dúshláin an tsaoil lasmuigh den scoil.

Léiríonn Figiúr 3 an ceangal idir measúnú foirmitheach agus measúnú suimitheach. Tá treoir ar fáil ann do mhúinteoirí faoin tslí inar féidir pleanáil don fhoghlaim, don teagasc agus don mheasúnú sa tsraith shóisearach.

*Figiúr 3 Pleanáil don fhoghlaim, don teagasc agus don mheasúnú*



Cruthaíonn scrúduithe scríofa, obair bhaile, obair thionscadal, tascanna agus ceisteoireacht ranga féidearthachtaí foirmitheacha suntasacha don aischothú ar féidir le múinteoirí a sholáthar go rialta dá scoláirí ar a gcuid oibre. Cruthóidh a leithéid deiseanna freisin do mhúinteoirí machnamh agus breithmheasanna a dhéanamh ar dhul chun cinn scoláire. Gné thábhachtach de phleanáil an mhúinteora ná a dheimhniú go gcruthaítear deiseanna chun athbhreithniú a dhéanamh agus aiseolas a thabhairt ar ghnóthachtáil scoláire. Tacóidh na deiseanna pleanáilte seo ar bhreithmheasanna suimitheacha a dhéanamh le scoileanna nuair a bhíonn dul chun cinn á thuairisciú acu do thuismitheoirí/chaomhnóirí.

## 5.3 Measúnú agus ábhair

Déanfar na cleachtais don mheasúnú foirmitheach i ngach ábhar, taobh le taobh leis an dá Mheasúnú Rangbhunaithe, a chomhlánú le Tasc Measúnachta scríofa agus le scrúdú stát-theistithe agus déanfaidh CSS an dá cheann acu seo a mharcáil.

I sonrúchán nua an CNCM do gach ábhar, clúdófar cur síos soiléir ar a socruithe don mheasúnú, ar a n-áirítear sonraí faoin eolas, faoi na scileanna agus na hinniúlachtaí a mbeifear ag súil leo ó scoláirí ag leibhéil feidhmíochta éagsúla. Déanfar an measúnú a ailíniú leis na torthaí foghlama do gach ábhar.

Cuirfidh an CNCM sonrúcháin ar fáil, ar a n-áirítear sraith tascanna do gach ábhar, a thacóidh le scoileanna agus iad ag pleanáil do Mheasúnuithe Rangbhunaithe.

### Measúnuithe Rangbhunaithe ar ábhair

Cuirfidh tús na Measúnuithe Rangbhunaithe béim ar thábhacht an mheasúnaithe fhoirmithigh mar thaca don teagasc agus don fhoghlaim. Déanfaidh scoláirí, faoi stiúir an mhúinteora, dhá Mheasúnú Rangbhunaithe i ngach ábhar. Déanfar Measúnú Rangbhunaithe amháin sa dara bliain agus an dara Measúnú Rangbhunaithe sa tríú bliain. Cruthóidh Measúnuithe Rangbhunaithe deiseanna do scoláirí a dtuiscint agus a scileanna a léiriú ar bhealach nach bhféadfaí a dhéanamh i scrúdú foirmiúil. Cuspóir ar leith a bhaineann le Measúnuithe Rangbhunaithe ná go gcuideoidh siad le haiseolas forbartha a thabhairt do scoláirí le linn dóibh a bheith páirteach sa tasc measúnachta agus ag deireadh an phróisis.

Beidh na Measúnuithe Rangbhunaithe ag leibhéal comónta. Is í an CNCM a dhéanfaidh na tascanna a bheidh i gceist sna Measúnuithe Rangbhunaithe a shonrú go bliantúil i gcomhairle le CSS. Déanfaidh an CNCM roinnt tascanna measúnachta a dhearadh do Mheasúnú Rangbhunaithe ar leith. Beifear ábalta dá réir na Measúnuithe Rangbhunaithe is fearr a bhíonn ag teacht le sainchlár curaclaim na scoile agus le riachtanais fhoghlama na scoláirí a roghnú. Beidh an plé faoi Mheasúnuithe Rangbhunaithe a roghnú mar chuid den ghnáthphleanáil churaclaim agus ábhair a bhíonn ar bun ag an scoil. Moltar go roghnódh gach roinn ábhair an Measúnú Rangbhunaithe céanna do na scoláirí go léir atá ag tabhairt faoin ábhar sin, ach nuair a bhíonn cúinsí oideachasúla i gceist, is féidir an dara ceann a roghnú chun freastal ar scoláire nó ar ghrúpa beag scoláirí le riachtanais oideachais speisialta/ar leith.

Clúdóidh na tascanna raon leathan gníomhaíochtaí ar a n-áirítear cur i láthair ó bhéal, cineálacha éagsúla obair scríofa, gníomhaíochtaí praiticiúla nó deartha agus déantúsaíochta, léirithe ealaíonta, turgnaimh eolaíochta, tionscadail nó tascanna oiriúnacha eile. Is fearr breathnú ar obair a bhaineann leis na Measúnuithe Rangbhunaithe mar dhlúthchuid den mheasúnú leanúnach agus den ghnáthchleachtas ranga.

Déanfaidh scoláirí na Measúnuithe Rangbhunaithe i dtréimhse ama ar leith laistigh d'am ranga agus de réir mar a bheidh ar chlár ama náisiúnta. Cuirfidh an CNCM amlíne ar leith ar fáil do gach Measúnú Rangbhunaithe.

Do gach Measúnú Rangbhunaithe, cuirfidh an CNCM na caighdeáin nó na pointí tagartha in iúl a dhéanann cur síos ar an ngnóthachtáil ar an Measúnú Rangbhunaithe ag roinnt leibhéal. Cuirfear eiseamláirí d'obair scoláirí ag leibhéil éagsúla ar fáil leis na tuairiscíní cáilíochta seo. Cruthóidh soláthar na gcaighdeán agus na n-eiseamláirí oibre creat soiléir do mhúinteoirí agus ón gcreat seo beidh ar a gcumas meastóireacht a dhéanamh ar obair a scoláirí féin.

Beidh dhá eilimint i gceist leis an Measúnú Rangbhunaithe a dhéanfaidh scoláirí sa tríú bliain. Beidh measúnú foirmitheach ann, a bheidh faoi stiúir an mhúinteora, ar aon dul leis an gcéad Mheasúnú Rangbhunaithe. Go luath tar éis dó seo tarlú déanfaidh an scoil tuairisciú do scoláirí agus do thuismitheoirí/chaomhnóirí ar ghnóthachtálacha scoláirí i ngné an mheasúnaithe fhoirmithigh de na Measúnuithe Rangbhunaithe. Déanfar iad seo a chlárú freisin ar PGSS. Déanfaidh Measúnuithe Rangbhunaithe cur síos ar ghnóthachtálacha scoláirí ag baint úsáide as tuairiscíní comónta a shocrófar go náisiúnta.

Chomh maith leis sin, nuair a bhíonn an dara Measúnú Rangbhunaithe do gach ábhar déanta, déanfar ina dhiaidh sin Tasc Measúnachta foirmiúil scríofa a bheidh bunaithe ar an topaic nó an tasc a rinneadh sa dara Measúnú Rangbhunaithe. Cuirfear an Tasc Measúnachta seo chuig CSS chun é a mharcáil mar aon leis an scrúdú stát-theistithe san ábhar sin.

## Tasc Measúnachta

Déanfaidh an CNCM an Tasc Measúnachta scríofa, a mharcálfaidh CSS, a shonrú agus beidh baint ag an tasc leis na torthaí foghlama don dara Measúnú Rangbhunaithe. Sa Tasc Measúnachta scríofa b'fhéidir go mbeidh ar an scoláire tuiscint a léiriú ar an eolas agus na scileanna atá forbartha aige/aici le linn an dara Measúnú Rangbhunaithe. D'fhéadfadh sé cuidiú leis an scoláire béim a chur ar na príomhphointí foghlama a baineadh amach agus é/í ag tabhairt faoin dara Measúnú Rangbhunaithe. D'fhéadfadh an Tasc Measúnachta scríofa deis a chruthú freisin do scoláirí tagairt a dhéanamh do na scileanna agus do na hinniúlachtaí a ndearnadh forbairt orthu agus cur síos a dhéanamh ar bhealaí ina bhféadfaí a bhfuil foghlamtha acu a chur i bhfeidhm ar shuíomhanna nua.

Déanfar an Tasc Measúnachta sa rang faoi fheitheoireacht an mhúinteora agus cuirfear é go dtí CSS chun é a mharcáil mar aon leis an script don ábhar sa scrúdú stát-theistithe. Déanfar na marcanna don Tasc Measúnachta i ngach ábhar a chur san áireamh mar chuid den ghrád a bhronnfar don ábhar sin.

Tá tuilleadh eolais mar aon leis na sonrúcháin do na Measúnuithe Rangbhunaithe ar fáil mar chuid den Fhoireann Uirlisí don Mheasúnú ag www.juniorcycle.ie

## Socruithe ar leith do na hábhair phraiticiúla

I gcás líon beag ábhar (Ealaín, Ceol, Eacnamaíocht Bhaile agus Ábhair Theicneolaíochta), beidh obair phraiticiúil i gceist don dara Measúnú Rangbhunaithe struchtúrtha, nó crúthú déantúsáin nó taibhléiriú. Tuairisceoidh an scoil don scoláire agus don tuismitheoir/chaomhnóir ar an measúnú foirmitheach a bhaineann le cruthú na ndéantúsán seo agus leis na taibhléirithe seo mar a dhéanfar le gach dara Measúnú Rangbhunaithe struchtúrtha eile. Toisc go ndéanann CSS na déantúsáin chríochnaithe agus na taibhléirithe a mharcáil faoi láthair, leanfaidh CSS leis an déantúsán nó leis an taibhléiriú (mar shampla, píosa ealaíne nó obair thionscnaimh a chruthaíonn an scoláire) a mharcáil chomh maith leis an bhfianaise scríofa a bhaineann leis, más cuí.

## Cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Beidh gach múinteoir, i ngach ábhar, atá gafa leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a theagasc agus a mheas sa scoil, páirteach i gcruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair mar a ndéanfaidh siad samplaí dá measúnuithe ar obair scoláirí a chomhroinnt agus a phlé agus tiocfaidh siad ar chomhthuiscint faoi cháilíocht na foghlama ag scoláirí.

Beidh gach cruinniú don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair dírithe ar ábhar ar leith agus díreofar ar an Measúnú Rangbhunaithe a bheidh déanta ag an mbliainghrúpa ar leith.

Beidh thart ar dhá uair an chloig i gceist le gach cruinniú. Ciallaíonn sé seo nuair a bhíonn sé curtha i bhfeidhm go hiomlán, go gcuirfear ar chumas múinteoirí[17] a bheith páirteach i gcruinniú athbhreithnithe do gach ábhar a bhíonn á theagasc acu don Mheasúnú Rangbhunaithe sa dara bliain agus don Mheasúnú Rangbhunaithe sa tríú bliain freisin.[18] Freastalóidh múinteoir a bhfuil dhá ábhar aige/aici leis an dara bliain agus leis an tríú bliain ar cheithre chruinniú don athbhreithniú agus is ionann sin agus ocht n-uair an chloig d'am gairmiúil.

Cuirfidh bainistíocht na scoile dhá uair an chloig breise ar fáil do mhúinteoir amháin i ngach ábhar sa scoil chun éascú a dhéanamh ar an ullmhú agus ar an gcomhordú do gach cruinniú don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Mar ghnáthnós déanfar an obair seo a mhalartú idir na múinteoirí ábhartha chun forbairt acmhainne a chothú i ngach roinn ábhair.

> I gcruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, déanfaidh múinteoirí samplaí dá measúnuithe ar obair scoláirí a chomhroinnt agus a phlé agus tiocfaidh siad ar chomhthuiscint faoi cháilíocht na foghlama ag scoláirí

[17] Toisc nach féidir cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a thionól ach nuair is féidir leis na múinteoirí ábhair ábhartha a bheith i láthair, d'fhéadfadh go mbeadh gá úsáid a bhaint as am gairmiúil cuachta na múinteoirí atá curtha ar fáil chun dul thar ghnáthuaireanta teagaisc scoile do roinnt d'am an chruinnithe.

[18] Don scoilbhliain 2015/2016, beidh rogha ag scoileanna agus ag múinteoirí Béarla an Measúnú Rangbhunaithe a bheith á dhéanamh ag a scoláirí in Earrach 2016 (sa dara bliain) nó go luath i bhFómhar 2016 (ag tús na tríú bliana)

Más múinteoir aonair a bhíonn sa scoil d'ábhar, is féidir socrú a dhéanamh chun deis a thabhairt don mhúinteoir a bheith páirteach i gcruinniú don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair le scoil eile. I gcás scoile a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge, is féidir socrú a dhéanamh chun deis a thabhairt don mhúinteoir a bheith páirteach i gcruinniú don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair le scoil eile a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge. Breathnófar ar fhéidearthacht na TFC chun tacú lena leithéid de chruinnithe.

Beidh ról ríthabhachtach ag na cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair chun cultúr gairmiúil comhghualaíochta a fhorbairt agus chun méadú ar an muinín i leith na mbreithmheasanna a dhéanann múinteoirí ar ghnóthachtálacha scoláirí. Cuideoidh an tacaíocht struchtúrtha sna cruinnithe faoin Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair do Mheasúnuithe Rangbhunaithe freisin le comhsheasmhacht agus cothroime a dheimhniú don mheasúnú ar fhoghlaim scoláirí sa scoil agus idir scoileanna.

Cuirfidh an CNCM tacaíocht ar fáil do mhúinteoirí agus iad ag teacht ar chomhthuiscint ar chaighdeáin agus ar ionchais le heiseamláirí anótáilte ar obair scoláirí agus le raon ábhar tacaíochta agus sonrúchán. Tiocfaidh tuiscint ar chaighdeáin chun cinn ón bplé gairmiúil ag cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair nuair a thugann múinteoirí a samplaí féin d'obair scoláirí leo agus nuair a chuireann siad a mbreithmheasanna féin i gcomparáid le breithmheasanna a gcomhghleacaithe agus leis na heiseamláirí anótáilte d'obair scoláirí a bhíonn ar fáil ón CNCM.

Mar aon leis sin, beidh gá le deiseanna rialta do chomhrá gairmiúil idir mhúinteoirí chun cuidiú leo measúnú rangbhunaithe a láimhseáil. Sa chomhthéacs sin, cuirfidh SSM ar chumas múinteoirí caighdeáin an CNCM a úsáid go comhoibríoch le comhghleacaithe ina bhfoirne ábhar. Cuirfear tacaíocht ar fáil freisin ón FGL chun cabhrú le múinteoirí a sainchumas a fhorbairt chun aischothú forbartha a sholáthar do scoláirí agus chun tuairisciú do thuismitheoirí/chaomhnóirí ar fhoghlaim agus ar dhul chun cinn scoláirí a éascú agus a chur i gcrích.

Cuideoidh a bpáirteachas i gcruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair le múinteoirí a gcuid eolais agus scileanna féin a fhorbairt trí chomhthuiscint a fhorbairt ar chaighdeáin agus ar ionchais náisiúnta. Cuirfidh na cruinnithe ar chumas múinteoirí freisin machnamh a dhéanamh ar phróiseas an mheasúnaithe ina n-ábhar féin go hiomlán agus tacófar le múinteoirí aischothú cuiditheach a chur ar fáil dá scoláirí chun a bhfoghlaim a fheabhsú.

Tá treoir ar an tslí inar féidir eagar agus struchtúr a chur ar chruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair san Fhoireann Uirlisí don Mheasúnú atá ar fáil ag www.juniorcycle.ie .

## Tuairisciú

Cuideoidh an tuairisciú le scoláirí trí chlárú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh acu agus iad féin agus a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí a bheith páirteach sa mhachnamh agus sa phlé ar dhul chun cinn san fhoghlaim.

Mar a tharlaíonn faoi láthair, tarlóidh tuairisciú foirmiúil sa tSraith Shóisearach nua uair sa bhliain ón gcéad bhliain go dtí an tríú bliain. Beidh sé bunaithe ar chur chuige náisiúnta. Déanfaidh an CNCM teimpléid thuairiscithe chaighdeánacha a fhorbairt, a bheidh oiriúnach don churaclam iar-bhunscoile, le húsáid sa chéad agus sa dara bliain. Beidh dearadh na dteimpléad bunaithe ar an mbarrchleachtas atá ann cheana do thuairisciú scoile agus cuirfidh siad ar chumas na scoile socruithe solúbtha agus praiticiúla a chur ar fáil don tuairisciú. Beidh na socruithe tuairiscithe seo mar chomhlánú ar dheiseanna tuairiscithe eile ó bhéal agus i scríbhinn a d'fhéadfadh a bheith ag an scoil ar a n-áirítear cruinnithe tuismitheoirí is múinteoirí, plé múinteoir is scoláire agus cumarsáidí scríofa eile idir an baile agus an scoil.

Roimh dheireadh an chéad téarma tar éis chríoch na Sraithe Sóisearaí, gheobhaidh gach scoláire Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) ilchodach. Déanfar cur síos ann ar raon iomlán ghnóthachtálacha fhoghlama an scoláire. Tá tuilleadh eolais ar an tuairisciú i gcoitinne, agus ar PGSS ach go háirithe, ar fáil sa chéad chaibidil eile.

### Scrúdú stát-theistithe measta go seachtrach

Beidh sé tábhachtach go mbreathnófar ar an scrúdú stát-theistithe mar ghné amháin de chur chuige cothrom, leathan i leith an mheasúnaithe. Cuirfidh gach gné den mheasúnú le pictiúr cuimsitheach a chruthú ar ghnóthachtáil scoláire a léireofar ar PGSS.


Tá léiriú le fáil i bhFigiúr 4 ar nádúr comhshnaidhmthe agus comhlántach fhoghlaim an scoláire, an mheasúnaithe leanúnaigh, an Mheasúnaithe Rangbhunaithe, an Taisc Mheasúnachta agus an scrúdaithe stát-theistithe.

Beidh na Measúnuithe Rangbhunaithe comhlánaithe ag an scrúdú stát-theistithe ionas go gclúdaíonn na measúnuithe, nuair a chuirtear le chéile iad, raon leathan eolais, scileanna agus inniúlachtaí a bhíonn ailínithe le sonrúcháin an churaclaim.

D'fhormhór na n-ábhar, déanfar scrúdú scríofa ag deireadh na tríú bliana. Déanfaidh CSS na scrúduithe a dhearadh, a riar, a mharcáil agus na torthaí a chur ar fáil. Ní leanfaidh na scrúduithe scríofa níos faide ná dhá uair an chloig in uasmhéid deich n-ábhar[19]. Tarlóidh na scrúduithe d'fhormhór na n-ábhar i mí Mheithimh na tríú bliana.[20] Cuirfear an scrúdú deiridh ar fáil ag leibhéal comónta ach i gcás an Bhéarla, na Gaeilge agus na Matamaitice mar a mbeidh fáil ar dhá leibhéal (ardleibhéal agus gnáthleibhéal).

Beidh na torthaí don Tasc Measúnachta, a bheidh measta freisin ag CSS, mar chuid de ghnóthachtáil an scoláire ar na scrúduithe stát-theistithe a bheidh measta go seachtrach, agus déanfar iad a chlárú ag baint úsáide as sraith grád. Déanfar na gráid seo a eisiúint go sealadach ar dtús sa Mheán Fómhair a leanann deireadh na tríú bliana agus déanfar iad a dheimhniú ina dhiaidh sin agus a chur san áireamh ar Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS).

*Figiúr 4 Nádúr comhshnaidhmthe na foghlama agus an mheasúnaithe*




[19] Mar atá luaite i 3.1, beidh cead ag scoláirí a thosaíonn sa chéad bhliain i 2015-2016 agus 2016-2017 an scrúdú OSSP a dhéanamh ag deireadh na sraithe sóisearaí mar aon leis na scrúduithe stáit deiridh a dhéanfar in uasmhéid deich n-ábhar.
[20] Do na hábhair a raibh scrúdú praiticiúil acu go traidisiúnta roimh mhí an Mheithimh, leanfar leis seo.

## 5.4 Measúnú agus gearrchúrsaí

D'fhéadfadh go gclúdódh clár na sraithe sóisearaí foghlaim i raon beag gearrchúrsaí. Tá sé i gceist go mbeidh nádúr foirmitheach ag baint le formhór na ngníomhaíochtaí measúnaithe le linn theagasc na ngearrchúrsaí. Déanfar an fhianaise ar an bhfoghlaim a ghiniúint ó shonrúchán an ghearrchúrsa agus beidh baint dhíreach aici le haidhmeanna agus le torthaí foghlama an ghearrchúrsa. Ní bheidh níos mó ná dhá Mheasúnú Rangbhunaithe i gceist agus déanfar cur síos ar ghnóthachtáil scoláirí ag baint úsáide as sraith comónta tuairiscíní a bheidh socraithe go náisiúnta. Déanfaidh múinteoirí na scoláirí na gearrchúrsaí a mheas agus tuairisceofar orthu do scoláirí agus do thuismitheoirí/chaomhnóirí i gcaitheamh na sraithe sóisearaí agus ar PGSS (Féach Caibidil 6).

## 5.5 Measúnú agus Folláine

Tá sé i gceist go mbeidh formhór na ngníomhaíochtaí don mheasúnú in achar na Folláine rangbhunaithe agus foirmitheach. Déanfaidh múinteoirí na scoláirí an fhoghlaim san Fholláine a mheas agus a thuairisciú do scoláirí agus do thuismitheoirí/chaomhnóirí i gcaitheamh na sraithe sóisearaí agus ar PGSS. Sula dtugtar Folláine isteach go foirmiúil ó Mheán Fómhair 2017, cuirfidh an CNCM comhairle ar fáil faoin tslí ina ndéanfar dul chun cinn agus gnóthachtáil a mheas in achar na Folláine.

## 5.6 Measúnú agus tuairisciú ar fhoghlaim scoláirí in Aonaid Tosaíochta Foghlama (ATFanna)

Beidh an measúnú a ghintear ó Aonaid Tosaíochta Foghlama, a bheidh ar bun ag líon beag scoláirí le riachtanais speisialta oideachais suntasacha, rangbhunaithe. Thar na trí bliana sa tsraith shóisearach, cuirfidh scoláirí fianaise ar a bhfoghlaim le chéile i bhfillteán. Tabharfaidh scoláirí an fillteán seo dá múinteoirí agus déanfar measúnú agus tuairisciú ar an obair. Clárófar gnóthachtáil an scoláire in ATFanna, mar a thuairiscíonn an scoil, ar PGSS.


Tá fáil ar fhoireann uirlisí chun tacú le scoileanna do mheasúnú ATFanna agus gearrchúrsaí ar láithreán gréasáin an CNCM www.curriculumonline.ie

# Caibidil 6

# Cén chuma a bheidh ar an tuairisciú?

Ar aon dul leis an dea chleachtas, ba chóir meas a léiriú agus aitheantas agus dearbhú a thabhairt do na deiseanna foghlama agus do na heispéiris fhoghlama a bhaineann leis an tsraith shóisearach. Tá na heilimintí seo léirithe i bhFigiúr 5.

*Figiúr 5 Deiseanna foghlama agus eilimintí don tuairisciú*



I gcaitheamh trí bliana na sraithe sóisearaí, beidh an t-aischothú ó bhéal agus i scríbhinn do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus do scoláirí riachtanach chun tacú leis an scoláire tógáil ar láidreachtaí agus dul i ngleic le réimsí inar féidir an fhoghlaim a fheabhsú. Cruthaíonn cruinnithe tuismitheoirí is múinteoirí deis thábhachtach chun na torthaí ar mheasúnuithe rangbhunaithe a chur in iúl agus chun eispéiris fhoghlama eile a dhearbhú.

Ba chóir léargas cuimsitheach a thabhairt do thuismitheoirí/chaomhnóirí ar fhoghlaim scoláirí. Nuair a cheanglaítear measúnú ranga agus measúnú eile le córas nua tuairiscithe a mbíonn sé mar thoradh air go mbronntar Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) tugtar léargas soiléir agus leathan do thuismitheoirí/chaomhnóirí ar thuras foghlama a bpáiste thar thrí bliana na sraithe sóisearaí.

## 6.1 Tuairisciú do thuismitheoirí/chaomhnóirí ar dhul chun cinn scoláirí thar thréimhse na sraithe sóisearaí

Tarlóidh an tuairisciú foirmiúil ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachtálacha scoláirí trí thuarascálacha bliantúla sa chéad agus sa dara bliain, agus trí Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí ilchodach san Fhómhar i ndiaidh na tríú bliana. Beidh sé seo mar chomhlánú ar na córais tuairiscithe atá á gcur i bhfeidhm cheana ag scoileanna ar a n-áirítear tuairisciú do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus do scoláirí ag ócáidí ar nós seisiún don aischothú múinteoir is scoláire agus do chruinnithe tuismitheoirí is múinteoirí.

Ón bhFómhar 2017, beidh an tuairisciú bunaithe ar chur chuige náisiúnta agus ar theimpléid chomhaontaithe deartha ag an CNCM. Beidh céimeanna solúbthachta agus féidearthacht oiriúnaithe mar chuid de dhearadh na dteimpléad chun roinnt roghanna scoile don tuairisciú a éascú. Beidh dearadh na dteimpléad faoi thionchar an dea-chleachtais atá cheana féin i scoileanna don tuairisciú. Ceadóidh dearadh na dteimpléad an comhlánú ar chruachóip agus ar líne. Beidh siad soláimhsithe agus sothuigthe ag scoláirí agus ag tuismitheoirí/caomhnóirí.

Beidh dlúthcheangal ag na teimpléid náisiúnta leis na caighdeáin a mbeifear ag súil leo ó scoláirí ag an tréimhse seo dá n-oideachas. Eascróidh tuiscint agus meas ar na caighdeáin sin ó ghafacht an mhúinteora le:

- sonraíochtaí náisiúnta curaclaim agus measúnachta atá soiléir agus torthaí-bhunaithe
- húsáid fhorleathan eiseamláirí anótáilte d'obair scoláirí
- measúnú leanúnach
- plé ar obair scoláirí trí chruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair
- measúnú ar na scrúduithe stáit agus ar na Tascanna Measúnachta (más cuí)
- forbairt ghairmiúil bainteach le tuairisciú agus leis na réimsí eile thuas

Cuideoidh an cur chuige i leith an tuairiscithe le scoláirí trí rianú a dhéanamh ar a ndul chun cinn agus trí pháirt ghníomhach a bheith acu agus ag a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí sa mhachnamh agus sa phlé ar an dul chun cinn san fhoghlaim. Léireofar meas ar bhreithmheas an mhúinteora agus beidh nasc soiléir le foghlaim, le teagasc agus le haiseolas cuiditheach a tharla sna ranganna.

Beidh an próiseas tuairiscithe féin éifeachtach, inláimhsithe agus oiriúnach do chomhthéacs churaclam na hiar-bhunscoile. Beidh eolas sna tuarascálacha ar an bhfoghlaim in ábhair, i ngearrchúrsaí agus i bhFolláine, mar aon le heolas ar eispéiris fhoghlama eile agus ar ghnóthachtálacha níos leithne bainteach le dul chun cinn an scoláire san fhoghlaim ar scoil.

Sa tuairisciú ag deireadh na dara bliana clárófar gnóthachtáil scoláirí sna Measúnuithe Rangbhunaithe a dhéanfar an bhliain sin, agus beidh fáil ar thuairiscí ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe sa dara agus sa tríú bliain ar Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí a thabharfar do gach scoláire san Fhómhar i ndiaidh na tríú bliana.

Go hachomair, tá sé i gceist go gcuirfidh tuairisciú na sraithe sóisearaí le forbairt phearsanta agus oideachasúil scoláirí, go dtacófar agus go gcuirfear bonn taca faoin bhfoghlaim agus faoin measúnú leanúnach, agus go mbeidh an tuairisciú inláimhsithe, inrochtana agus éifeachtach don scoil, don mhúinteoir, don scoláire agus don tuismitheoir/chaomhnóir.

Déanfaidh an CNCM treoirlínte don tuairisciú sa tsraith shóisearach agus na teimpléid a bheidh scoileanna ábalta a úsáid sa chomhthéacs seo a fhorbairt agus cuirfidh sí tuilleadh eolais ar fáil faoi na gnéithe éagsúla den tuairisciú mar atá luaite thuas.

## 6.2 Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)

Críochnóidh an próiseas tuairiscithe sa tsraith shóisearach leis an ngradam PGSS do scoláirí. Déanfar PGSS a bhronnadh den chéad uair san Fhómhar 2017. Sna blianta nuair a bhíonn staidéar á dhéanamh ag scoláirí ar ábhair ina bhfuil sonrúcháin nua ar fáil dóibh taobh le taobh le hábhair atá ann cheana don Teastas Sóisearach, beidh torthaí an teastais ar fáil i PGSS. Eascróidh formáid PGSS de réir mar a tharlaíonn feidhmiú céimneach na gcodanna éagsúla d'athchóiriú na sraithe sóisearaí.

I PGSS tabharfar aitheantas don ghnóthachtáil thar achair uile na foghlama de réir mar a oireann

- Ábhair
- Gearrchúrsaí
- Folláine
- Aonaid tosaíochta foghlama
- Achair fhoghlama eile

Beidh eilimintí uile an mheasúnaithe mar bhonn tagartha agus tuairiscithe don ghnóthachtáil ar a n-áirítear measúnú foirmitheach, leanúnach, Measúnuithe Rangbhunaithe agus gráid CSS ar a n-áirítear torthaí ó na scrúduithe stát-theistithe agus ó na Tascanna Measúnachta.

Beidh formáid a chinnfear go náisiúnta ag PGSS. Beidh sé curtha le chéile ag an scoil agus faighte ag na scoláirí san Fhómhar i ndiaidh na tríú bliana, nuair a bhíonn torthaí uile an mheasúnaithe ó CSS agus ón scoil ar fáil agus deimhnithe.

Beidh na torthaí ar eolas ag scoláirí sula bhfaigheann siad PGSS. Maidir le gráid CSS agus tascanna na Measúnuithe Rangbhunaithe araon, beidh torthaí na measúnuithe faighte cheana féin ag scoláirí sula mbronntar PGSS. Mar atá faoi láthair, beidh ráiteas sealadach ar thorthaí le fáil ag scoláirí ón

CSS i mí Mheán Fómhair tar éis dóibh an tríú bliain a chríochnú. I gcás na Measúnuithe Rangbhunaithe a bhaineann le hábhair, le gearrchúrsaí agus le haonaid tosaíochta foghlama, gheobhaidh na scoláirí na torthaí go luath tar éis dóibh iad a chríochnú sa dara agus sa tríú bliain.

Ar PGSS beidh fáil ar ghnóthachtálacha foghlama atá ailínithe go ginearálta leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC). I bhformhór na gcásanna, bainfidh na gnóthachtálacha a ndéanfar tuairisciú orthu le hábhair agus le gearrchúrsaí atá ailínithe go ginearálta le Leibhéal 3 den CNC. Sa líon beag cásanna ina mbíonn Cláir Foghlama Leibhéal 2 déanta ag scoláirí, tá na haonaid tosaíochta foghlama agus na gearrchúrsaí ailínithe le Leibhéal 2 den CNC.

**Déanfar iad seo a thaifeadadh ar PGSS**:

- **Gnóthachtálacha an scoláire sna scrúduithe stát-theistithe ar a n-áirítear na Tascanna Measúnachta**

Sa chuid seo beidh taifead ar ghnóthachtálacha an scoláire sna hábhair a rinneadh don scrúdú stát-theistithe. Áireofar le torthaí na n-ábhar an toradh don Tasc Measúnachta scríofa. Sna blianta 2017, 2018 agus 2019, beidh torthaí na scoláirí sa scrúdú OSSP, má bhíonn sé déanta acu, ar fáil anseo freisin.

- **Gnóthachtálacha an scoláire sna Measúnuithe Rangbhunaithe**

Sa chuid seo beidh taifead ar ghnóthachtálacha an scoláire sna Measúnuithe Rangbhunaithe sna hábhair agus sna gearrchúrsaí *araon*, ag brath ar theaglaim na n-ábhar agus na ngearrchúrsaí a bhíonn déanta ag scoláirí. Is féidir uasmhéid ceithre ghearrchúrsa a chur san áireamh má bhíonn ocht n-ábhar déanta ag na scoláirí sa scrúdú stát-theistithe a mbeidh measúnú seachtrach déanta air agus is féidir uasmhéid dhá chúrsa a chur san áireamh nuair a bhíonn naoi n-ábhar déanta.

- **Gnóthachtálacha an scoláire i gCláir Foghlama Leibhéal 2 (CFL2anna)**

Má bhíonn CFL2 déanta ag scoláirí mar chuid de chlár na sraithe sóisearaí, déanfar a ngnóthachtálacha sna haonaid tosaíochta foghlama agus sna gearrchúrsaí a bhíonn déanta acu a thuairisciú anseo.

- **Gnóthachtálacha an scoláire in achar na Folláine**

Tuairisceofar sa chuid seo ar ghnóthachtálacha scoláirí in achar na Folláine ó 2020 ar aghaidh. Sna treoirlínte a bheidh ullmhaithe ag an CNCM maidir le hachar na Folláine a thosú, a bhainistiú agus a mheas i scoileanna beidh fáil ar chomhairle faoin tslí inar féidir le scoileanna dul chun cinn agus gnóthachtáil scoláirí a thuairisciú.

- **Gnóthachtálacha an scoláire i réimsí eile den fhoghlaim**

Tugann an rannóg seo deis do scoileanna tuairisciú ar ghnóthachtáil scoláirí in achair fhoghlama eile ar a n-áirítear gearrchúrsaí a bhí san áireamh ar chlár scoile na sraithe sóisearaí. D’fhéadfaí tuairisciú anseo freisin ar eispéiris agus ar ócáidí foghlama eile ina raibh an scoláire páirteach.

D’fhéadfadh gur mhaith le scoileanna freisin gnéithe níos leithne den tuairisciú, nó réimsí cosúil le tinreamh, forbairt phearsanta agus shóisialta mar aon le meon i leith na foghlama a bheith sa chuid seo.

**Achomhairc agus Fiosrúcháin**

Déanfar achomhairc scoláire maidir le grád sa scrúdú stát-theistithe ar a n-áirítear an Tasc Measúnachta a phróiseáil de réir na socruithe d'achomharc atá ann faoi láthair. Pléifidh an scoil le fiosrúcháin ar gach gné eile de PGSS, má tharlaíonn a leithéid.

## 6.3 Conas mar a dhéanfar an cháilíocht ar ghnóthachtáil an scoláire a dheimhniú?

Beidh tréimhse shuntasach i gceist leis an aistriú chuig clár nua na sraithe sóisearaí a chlúdaíonn cleachtais ar mheasúnú foirmitheach, mar aon le dhá Mheasúnú Rangbhunaithe struchtúrtha, agus scrúdú stát-theistithe mar aon le Tasc Measúnachta, iad seo araon marcáilte go seachtrach ag CSS, agus beidh gá le dearbhú cáilíochta agus le tacaíocht araon dó seo. Tá raon eilimintí curtha i dtreo mar thacaí do mhúinteoirí agus chun an cháilíocht a dhearbhú sna socruithe don mheasúnú ag an tsraith shóisearach, agus orthu seo tá:

- sonraíochtaí náisiúnta don churaclam
- sonraíochtaí náisiúnta don mheasúnú, ar a n-áirítear treoir ar thuairiscíní a úsáidtear do Mheasúnuithe Rangbhunaithe agus treoracha marcála a úsáidtear do scrúduithe stát-theistithe agus do Thascanna Measúnachta
- eiseamláirí anótáilte d'obair scoláirí ar mheasúnuithe a léiríonn na caighdeáin a bhfuiltear ag súil leo
- iliomad breithmheasanna ar obair scoláirí ó chruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair
- Foireann Uirlisí don Mheasúnú ina bhfuil uirlisí agus modhanna don mheasúnú atá comhaontaithe go náisiúnta
- forbairt ghairmiúil chuimsitheach do mhúinteoirí ar mheasúnú oideachasúil, ar a n-áirítear aiseolas a sholáthar do scoláirí
- forbairt ghairmiúil do phríomhoidí agus do phríomhoidí tánaisteacha ar cheannasaíocht curaclaim, ar mheasúnú oideachasúil agus ar bhainistíocht athruithe
- measúnuithe seachtracha trí CSS
- eolas do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus do scoláirí

Leanfar le próiseas féinmheastóireachta na scoile féin a thacú agus a fhorlíonadh le meastóireachtaí seachtracha a dhéanfaidh an ROS trí obair leanúnach a Cigireachta ar an meastóireacht ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama i scoileanna. Beidh tacaíocht chórasach ar fáil ón ROS agus beidh fáil ar na hacmhainní tiomnaithe breise is gá, ar a n-áirítear am agus acmhainní curaclaim.



# Caibidil 7

# Achoimre

Caithfidh an clár don tsraith shóisearach a bhíonn á dhéanamh ag scoláirí ina scoileanna a bheith de réir an *Creat don tSraith Shóisearach (2015)*. Seachas an riachtanas seo, beidh saoirse ag scoileanna cinneadh a dhéanamh faoin gcomhdhéanamh agus faoin eagar a bheidh ar chlár na sraithe sóisearaí acu féin. Chun cloí leis an gCreat, ní mór do chlár scoile:

- taobhú le prionsabail an oideachais sa tsraith shóisearach agus iad a léiriú go hiomlán
- riachtanais na gceithre ráiteas foghlama is fiche a shásamh
- béim a leagan ar fhorbairt na n-ocht bpríomhscil
- an clár a bheith curtha i láthair i bhfoirm ábhar, ghearrchúrsaí, Fholláine, eispéireas foghlama eile agus aonaid tosaíochta foghlama (ATFanna), más cuí,
- an próiseas a éascú trína ndéantar fianaise ar an bhfoghlaim ó bhun barr na sraithe a ghineadh, a bhailiú, a mheas agus a thuairisciú do scoláirí agus a chur in iúl go rialta dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí
- Measúnuithe Rangbhunaithe, Tascanna Measúnachta agus scrúduithe stát-theistithe a bheith ar fáil d'ábhair, ionas gur féidir leis an measúnú tacú leis an bhfoghlaim agus tuairisciú ar fhoghlaim an scoláire i raon cothrom eolais, scileanna agus inniúlachtaí
- tacú le leanúnachas ón mbunoideachas agus dul chun cinn i dtreo oideachas na sraithe sinsearaí
- PGSS a thabhairt do scoláirí ag deireadh na trí bliana ina mbeidh :
    - tuairisc ar a ngnóthachtálacha in ábhair sna scrúduithe agus sna Tascanna Measúnachta a bheidh marcáilte ag CSS i ngach ábhar
    - tuairisc ar a ndul chun cinn agus ar a ngnóthachtálacha i Measúnuithe Rangbhunaithe ar ábhair, ar ghearrchúrsaí, nó ar ATFanna más cuí
    - tuairisc ar ghnóthachtálacha na scoláirí in achair eile den fhoghlaim, Folláine san áireamh
- a bheith measta ag an scoil trína próiseas leanúnach féinmheastóireachta agus feabhsúcháin a gcuirfear leis le monatóireacht ón ROS agus a Cigireacht.

Trí thiomantas do ghnéithe uile an Chreata a chur i bhfeidhm, beidh an córas oideachais in ann sraith shóisearach a sholáthar a lonnaíonn riachtanais na scoláirí i gcroílár an teagaisc agus na foghlama.

Cuirfidh feidhmiú cuimsitheach an Chreata feabhas ar cháilíocht eispéireas agus torthaí foghlama na scoláirí uile. Éileoidh a leithéid ceannaireacht agus tacaíocht ní hamháin ón ROS, CNCM, SSM agus CSS ach, go háirithe, ó bhainistíocht na scoile. Éileofar freisin tiomantas na múinteoirí, tacaíocht na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí agus ionchais arda maidir leis na scoláirí uile.

# Aguisín

## Ráitis Foghlama – Míniú ar na hEispéiris Fhoghlama

| Maidir leis an scoláire… | Ábhair, gearrchúrsaí agus eispéiris fhoghlama eile a d'fhéadfadh cur leis… |
|---|---|
| **1. déanann an scoláire cumarsáid go héifeachtach ar bhealaí éagsúla i réimse comhthéacsanna sa T1[21]**<br>Tuigim an teanga *a úsáidtear i mo scoil* agus is féidir liom cur síos do dhaoine eile ar mo thuairimí trí labhairt agus scríobh sa teanga sin. Is féidir liom páirt a ghlacadh i bplé ar ghnáthchúrsaí agus ar thopaicí a bhíonn clúdaithe sa rang. Agus mé ag obair le daoine eile ar ghníomhaíochtaí ranga, is féidir liom cur go cuiditheach leis an ngníomhaíocht trí mo thuairimí agus mo mhothúcháin a roinnt mar aon le labhairt faoi thuairimí agus faoi dhearcthaí daoine eile. Léim téacsanna éagsúla don phléisiúr agus don staidéar chun mé féin a chur ar an eolas agus chun cur le mo thuairimí agus le mo scileanna teanga. | Béarla<br>Gaeilge |
| 2. **éisteann, labhraíonn, léann agus scríobhann an scoláire sa T2 agus i dteanga amháin eile ag leibhéal inniúlachta atá ag teacht lena c(h)umas féin**<br>Is féidir liom mo smaointe a chur in iúl trí labhairt agus scríobh i dteangacha eile seachas an teanga a úsáidtear i mo scoil; tuigim tuairimí agus eispéiris dhaoine eile nuair a labhraíonn siad na teangacha sin. Léim cineálacha éagsúla téacsanna sna teangacha chun faisnéis agus eolas a fháil. Tá suim agam sna bealaí maireachtála agus sna cultúir sna háiteanna ina n-úsáidtear na teangacha agus is maith liom iad a chur i gcomparáid leis an saol agus an gcultúr in Éirinn. Tá a fhios agam go bhfuil na scileanna a chuidíonn liom teanga amháin a fhoghlaim úsáideach chun teanga eile a fhoghlaim. | Béarla<br>Fraincis<br>Gaeilge<br>Gearmáinis<br>Iodáilis<br>Spáinnis<br>Teanga agus Cultúr na Síne |

[21] Is í T1 an teanga ina bhfeidhmíonn an scoil (Béarla i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla; Gaeilge i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge). Is í T2 an dara teanga (Gaeilge i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla; Béarla i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge). .

| Maidir leis an scoláire… | Ábhair, gearrchúrsaí agus eispéiris fhoghlama eile a d’fhéadfadh cur leis… |
|---|---|
| 3. **déanann an scoláire réimse leathan téacsanna a chruthú, a mheas agus a léirmhíniú go criticiúil**<br><br>Is maith liom an léitheoireacht agus dul i ngleic le cineálacha éagsúla téacsanna. Is féidir liom a bhfuil iontu a thuiscint agus teacht ar thuairim orthu. Nuair a chruthaím téacs cuirimse a chúis san áireamh chomh maith le riachtanais agus suimeanna na ndaoine a bheidh ag tagairt dó. I dtéacsanna scríofa, tuigim an tábhacht atá le gramadach, roghnaím na focail chearta chun éifeacht a chruthú agus bainimse úsáid as litriú agus as poncaíocht chruinn.<br><br>Ní bhíonn gach téacs scríofa, mar sin táim in ann freisin obair le hábhar físe agus fuaime. Nuair a chruthaím téacs táim ábalta é a roinnt, i gcibé riocht is cuí agus tuigim nuair a bhíonn gá cead a fháil chun a leithéid a dhéanamh. | Béarla<br>Ceol<br>na Clasaicí<br>Ealaín Ceardaíocht Dearadh<br>Fraincis<br>Gaeilge<br>Gearmáinis<br>Grafaic Theicniúil<br>Iodáilis<br>Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha<br>Spáinnis<br>Stair |
| 4. **cruthaíonn agus cuireann an scoláire i láthair saothair ealaíonta agus tuigeann sé/sí an próiseas agus na scileanna atá i gceist**<br><br>Is féidir liom píosa ealaíne a chruthú, as mo stuaim féin nó le daoine eile. Is féidir an píosa ealaíne seo a bheith ina rud, ina phíosa scríofa nó ina thaibhiú, cruthaithe agam féin nó mar bhall de ghrúpa. Is éard atá san ealaíon a chruthaím ná bealach eile chun rud a mhothaím nó a chloisim a insint agus a fhiosrú agus éisteacht leis an méid a cheapann nó a mhothaíonn daoine eile.<br><br>Is féidir gur le mo chomhscoláirí, nó le healaíontóirí na linne seo nó le healaíontóirí ó áit agus am eile na píosaí ealaíne ar a bhféachaim. | Ábhair Theicneolaíochta<br>Béarla<br>Ceol<br>na Clasaicí<br>Corpoideachas<br>Eacnamaíocht Bhaile<br>Ealaín Ceardaíocht Dearadh<br>Gaeilge<br>Taibhiú Ealaíne |
| 5. **tá feasacht ag an scoláire ar luachanna pearsanta agus tuiscint ar an bpróiseas chun cinnteoireacht ar bhonn morálta a dhéanamh**<br><br>Is féidir liom a fheiceáil cad as a dtagann mo luachanna féin agus na tionchair éagsúla a mhúnlaigh iad. Tá meas agam ar luachanna daoine eile agus ag an am céanna mo luachanna féin a choinneáil speisialta dom féin. Tá tuiscint agam ar an gcaoi ina n-oibríonn cinnteoireacht mhorálta i mo shaol féin agus i saol daoine eile bunaithe ar a luachanna ar leith. Is féidir liom cinntí éagsúla eitice agus morálta a phlé ó lá go lá agus tráchtaireacht a dhéanamh orthu. | Folláine<br>Oideachas Reiligiúnach<br>OSPS |

| Maidir leis an scoláire… | Ábhair, gearrchúrsaí agus eispéiris fhoghlama eile a d'fhéadfadh cur leis… |
|---|---|
| 6. **tuigeann an scoláire mar a chuireann luachanna, creidiúintí agus traidisiúin éagsúla leis na pobail agus leis an gcultúr ina maireann sé/sí agus tá meas aige/aici orthu.**<br><br>Táim ar an eolas faoi thábhacht na dtraidisiún reiligiúnda agus na léirmhínithe neamhreiligiúnda ar an saol. Tuigim an tionchar agus an múnlú a bhí ag córais chreidimh éagsúla orainne in Éirinn, agus freisin san Eoraip agus sa domhan mór. Is féidir liom creidimh agus cleachtais éagsúla a phlé ar bhealach eolach, agus meas a bheith agam orthu siúd a bhfuil creidimh acu atá éagsúil leis an gcreideamh atá agam féin. | Gaeilge<br>Léann Giúdach<br>Nuatheangacha<br>Oideachas Reiligiúnach<br>OSSP<br>Stair<br>Teanga agus Cultúr na Síne<br>Tíreolaíocht |
| 7. **tá meas ag an scoláire ar a bhfuil i gceist le bheith ina s(h)aoránach gníomhach, le cearta agus dualgais i gcomhthéacsanna áitiúla agus i gcomhthéacsanna níos leithne**<br>Tuigim an chaoi ina n-oibríonn rialtas agus polaitíocht in Éirinn agus in áiteanna eile. Tuigim, mar shaoránaigh, go bhfuil cearta agus freagrachtaí againn ar fad. Tá meas agam ar chearta na mionlach sa tsochaí. Mothaím spreagtha nuair a fhoghlaimím faoi bhealaí inar féidir le saoránaigh gníomhacha cuidiú le domhan níos fearr a chruthú, laistigh dá bpobail áitiúla agus sa domhan mór. Táim ábalta agus toilteanach machnamh go cúramach faoi nithe a bhaineann liomsa nó le mo phobal, agus gníomhú chun athruithe a chruthú ina leith. | Folláine<br>OSSP<br>Staidéar Gnó<br>Stair<br>Tíreolaíocht |
| 8. **tá meas ag an scoláire ar an oidhreacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tuigeann sé/sí an tábhacht atá ag an ngaol idir eachtraí atá thart agus eachtraí reatha, agus tábhacht na bhfórsaí is cúis le hathrú**<br><br>Ag baint úsáide as cineálacha éagsúla fianaise agus ábhar, féachaim ar shaol daoine cáiliúla agus gnáthdhaoine ón am atá thart. Is féidir liom a fheiceáil cé mar a athraíonn pobail áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta thar am, cé mar a ghníomhaíonn daoine chun athrú a chur i bhfeidhm, agus cé mar is féidir leis na hathruithe seo a bheith nasctha lena chéile agus le heachtraí agus forbairtí reatha. Tá a fhios agam go bhfaighim le hoidhreacht na luachanna, na creidimh agus na traidisiúin a chruthaíonn mo chultúr agus táim ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann le meas a léiriú ar chultúir dhaoine eile. | na Clasaicí<br>Eolaíocht<br>Léann Giúdach<br>Oideachas Reiligiúnach<br>OSSP<br>Stair<br>Teanga agus Cultúr na Síne<br>Tíreolaíocht |

| Maidir leis an scoláire… | Ábhair, gearrchúrsaí agus eispéiris fhoghlama eile a d'fhéadfadh cur leis… |
|---|---|
| 9. **tuigeann an scoláire bunús agus tionchair ghnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil an domhain mórthimpeall air/uirthi**<br>Is féidir liom cur síos ar phróisis nádúrtha atá mar chúis le hathrú sa tírdhreach nádúrtha. Tuigim gur minic go n-athraíonn daoine atá *ag maireachtáil* agus *a bhfuil slí mhaireachtála acu* an tírdhreach agus go dtarlaíonn sé seo i mo dhúiche féin chomh maith le timpeall an domhain. Tuigim an nasc idir tírdhreacha atá ag athrú agus an saol daonna. Tuigim freisin go nascann na hathruithe seo, chomh maith le gníomhaíochtaí polaitíochta agus cultúrtha, daoine, áiteanna agus réigiúin agus go gcuireann na naisc seo deiseanna iontacha ar fáil ach dúshláin freisin. | Eacnamaíocht Bhaile<br>Matamaitic<br>OSSP<br>Staidéar Gnó<br>Stair<br>Tíreolaíocht |
| **10. tá an fheasacht, an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus an t-inspreagadh ag an scoláire le maireachtáil go hinbhuanaithe**<br>Tuigim go bhfuil an dúlra go hálainn agus go bhfuil sé an- suntasach agus an-tábhachtach i saol na ndaoine uile ar an gcruinne. Glacaim freagracht as na roghanna a dhéanaim faoin gcaoi ina mairim agus go bhfuil impleachtaí ag na roghanna seo don timpeallacht agus don chaighdeán beatha i mo dhúiche agus sa domhan mór. Déanaim iarracht "smaoineamh ar an domhan agus gníomhú ar an dúiche". Is féidir liom cuidiú le mo phobal a pháirt a ghlacadh i bhfeabhsú ár dtimpeallachta ach feicim go bhfuil ábhair imní eile mar chúram ar phobail eile agus déanaimse iarracht iad sin a chur san áireamh. | Eacnamaíocht Bhaile<br>Eolaíocht<br>Folláine<br>OSPS<br>OSSP<br>Staidéar Gnó<br>Tíreolaíocht |
| 11. **gníomhaíonn an scoláire chun a leas féin agus leas daoine eile a chosaint agus a chothú**<br>Tá a fhios agam conas cinntí a dhéanamh atá go maith do mo shláinte fhisiciúil, intinne, mhothúchánach agus spioradálta agus do mo chaidreamh le daoine eile. Is féidir liom riosca a mheas agus a bhainistiú agus tuigim an tionchar atá ag iompraíocht riosca.<br>Mothaím muiníneach agus is féidir liom plé le dúshláin agus deacrachtaí éagsúla. Is féidir liom cabhair a lorg nuair atá sé de dhíth orm. Glacaim leis go bhfuil daoine éagsúil agus go bhfuil sé de fhreagracht ar gach duine an dúshlán a thabhairt don leithcheal agus don bhulaíocht, agus is féidir leis an scoil tacú liom é seo a dhéanamh. | Corpoideachas<br>Folláine<br>Oideachas Reiligiúnach<br>OSPS<br>Tréadchúram<br>Treoir |

| Maidir leis an scoláire… | Ábhair, gearrchúrsaí agus eispéiris fhoghlama eile a d'fhéadfadh cur leis… |
|---|---|
| 12. **is rannpháirtí muiníneach agus cumasach é/í an scoláire sa ghníomhaíocht fhisiciúil agus tá inspreagadh ann/inti le bheith gníomhach go fisiciúil**<br>Glacaim páirt i ngníomhaíochtaí fisiciúla fuinniúla agus spórt ar bhonn rialta agus tá a fhios agam go ligeann sé seo dom réimse de scileanna sóisialta agus mótair a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, foghlaim ar bhealach éagsúil, mo chuid folláine a fhorbairt agus mo chorp a bhainistiú. Cuidíonn sé liom mo scíth a ligean agus mothú níos fearr, ach go háirithe sna gníomhaíochtaí, agus cuidíonn sé le mo shláinte agus le mo chuid folláine. Trí bheith in ann páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí fisiciúla éagsúla cuidítear liom freisin bualadh le daoine eile agus a bheith leo. Táim ag tnúth le deiseanna breise a fháil le bheith páirteach laistigh den scoil agus i mo phobal. | Corpoideachas<br>Folláine<br>OSPS |
| 13. **tuigeann an scoláire tábhacht an bhia agus an chothaithe agus roghanna á ndéanamh aige/aici a bhaineann le stíl shláintiúil mhaireachtála**<br>Roghnaím éagsúlacht agus cothromaíocht de bhianna agus de dheochanna a ithe. Is féidir liom roghanna bia folláine a dhéanamh agus déanaim iarracht ithe go maith liom féin agus le daoine eile. Tuigim an tábhacht atá ag bia do ghrúpaí éagsúla sóisialta agus cultúrtha. Tuigim go mbíonn riachtanais bia éagsúla ag daoine aonair agus ag grúpaí ag céimeanna éagsúla sa saol. Táim ar an eolas faoi na gnéithe éagsúla a théann i gcion ar roghanna bia agus ar mheonta i leith bia agus ithe. | Corpoideachas<br>Eacnamaíocht Bhaile<br>Eolaíocht<br>Folláine<br>OSPS |
| 14. **déanann an scoláire cinntí eolasacha airgeadais agus forbraíonn sé/sí scileanna maithe tomhaltacha**<br>Táim ábalta mo chuid airgeadais a phleanáil ar bhonn na n- acmhainní atá ar fáil dom agus iad siúd atá ar fáil i mo theaghlach. Measaim eolas nó fógraíocht a dhéanann iarracht dul i gcion ar mo chuid iompraíochta agus ní ghníomhaím ach i ndiaidh dom cinntí a dhéanamh atá ceaptha go maith. Bíonn na cinntí seo treoraithe freisin ag mo chuid eolais agus feasachta ar eolas tomhaltóirí, ar chearta agus ar fhreagrachtaí, agus ar fhorbairt inbhuanaithe. | Eacnamaíocht Bhaile<br>OSSP<br>Staidéar Gnó |

| Maidir leis an scoláire… | Ábhair, gearrchúrsaí agus eispéiris fhoghlama eile a d'fhéadfadh cur leis… |
|---|---|
| | |
| 15. **aithníonn an scoláire an úsáid is féidir a bhaint as eolas, scileanna agus tuiscint mhatamaiticiúil i réimsí uile na foghlama**<br>Tuigim go gcruthaíonn mo chuid eolais agus scileanna matamaitice teanga ina bhfuil uimhreacha, siombailí agus comharthaí éagsúla eile. Is féidir liom iad seo a úsáid laistigh den scoil agus lasmuigh den scoil i ngníomhaíochtaí agus i gcomhthéacsanna éagsúla. Cuireann úsáid agus déanamh na matamaitice feabhas ar mo smaointeoireacht loighciúil agus m'fhadhbréiteach agus cuidíonn sé liom mo smaointe a chur in iúl agus a phlé go soiléir agus go cruinn ar bhealach a thuigeann daoine eile. | Ábhair Theicneolaíochta<br>Eolaíocht<br>Matamaitic<br>Staidéar Gnó |
| 16. **déanann an scoláire cur síos ar phatrúin agus ar choibhneasa agus déanann sé/sí iad a léiriú, a léirmhíniú, a thuar agus a mhíniú**<br>Is maith liom patrúin a lorg agus a aimsiú agus cur síos a dhéanamh ar na naisc a fheicim i bhfocail agus i siombailí araon. I neart cásanna, nuair a thagaim ar nasc úsáidim é chun téarmaí atá ar iarraidh sa phatrún a líonadh isteach nó chun a thuar cén chuma a bheidh ar ghnéithe eile den phatrún céanna. Trí úsáid a bhaint as an eolas seo, is féidir liom a fhiosrú cé mar a théann patrúin i gcion ar an saol laethúil agus mar a théann sé i gcion orthu. | Ceol<br>Eolaíocht<br>Matamaitic<br>Staidéar Gnó<br>Stair<br>na Teangacha uile<br>Tíreolaíocht |
| 17. **déanann an scoláire straitéisí a cheapadh agus a mheas chun fadhbanna a fhiosrú agus a réiteach ag baint úsáide as eolas, réasúnaíocht agus scileanna matamaiticiúla**<br>Is féidir liom cuir chuige matamaitice éagsúla a úsáid chun teacht ar réiteach réasúnta ar fhadhb atá nua dom nó chun tasc a chríochnú nár taispeánadh dom conas é a dhéanamh. Is féidir liom a bhreith cén straitéis is dóchúla a bheidh éifeachtach i suíomh ar leith. Is féidir liom fadhb a bhriseadh síos i gcéimeanna loighciúla níos lú sa chaoi gur féidir liom cuidiú le réiteach iomlán a thógáil. | Ábhair Theicneolaíochta<br>Códú<br>Eolaíocht<br>Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha<br>Matamaitic<br>Staidéar Gnó<br>Tíreolaíocht |

| Maidir leis an scoláire… | Ábhair, gearrchúrsaí agus eispéiris fhoghlama eile a d'fhéadfadh cur leis… |
|---|---|
| 18. **déanann an scoláire breathnú agus measúnú ar eachtraí agus phróisis eimpíreacha agus baineann tátail agus cinntí bailí astu**<br>Is féidir liom sonraí a bhreathnú, a thomhas agus a thaifeadadh go cruinn, ag tarraingt ar fhoinsí éagsúla, agus bainimse úsáid as smaointeoireacht loighciúil agus réasúnú chun teach tar thuairimí agus chun cinntí a dhéanamh bunaithe ar fhianaise agus ar thástáil. Is féidir liom dearcthaí éagsúla a aithint agus achoimre a dhéanamh orthu, agus argóintí éagsúla a anailísiú, nuair a thagaim ar ráitis phoiblí. | Ábhair Theicneolaíochta<br>Eolaíocht<br>Matamaitic<br>Staidéar Gnó<br>Tíreolaíocht |
| 19. **tá meas ag an scoláire ar ról agus thionchar na heolaíochta agus na teicneolaíochta i leith na sochaí, agus ar an tábhacht phearsanta, shóisialta agus dhomhanda atá leo**<br>Tuigim ról na heolaíochta agus na teicneolaíochta i saol na linne, ag fiosrú cé mar atá gnéithe den ghnáthshaol athraithe thar am chun feasacht a fháil ar an nasc le forbairtí eolaíochta agus teicneolaíochta agus eatarthu. Bainim úsáid as an eolas atá agam ar eolaíocht agus ar theicneolaíocht chun cuidiú liom cinntí agus roghanna eolacha a dhéanamh. | Ábhair Theicneolaíochta<br>Códú<br>Eolaíocht<br>Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha |
| 20. **úsáideann an scoláire teicneolaíochtaí cuí chun dul i ngleic le dúshlán deartha**<br>Trí ghnéithe an deartha a scrúdú agus a phlé, táim ag fáil feasachta ar na gnéithe a théann i gcion ar phróiseas an deartha. Bainim úsáid as straitéisí d'fhadhbréiteach agus léirím cruthaitheacht (i m'aonar nó le daoine eile) i ndúshlán deartha chun rud a phleanáil, a fhorbairt, a dhéanamh agus a mheas a fhreagraíonn d'fhíor-riachtanas nó a léiríonn smaoineamh. Is féidir liom na cuir chuige féideartha a roghnú agus na teicneolaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith úsáideach i gcéimeanna uile an phróisis sin a mholadh. | Ábhair Theicneolaíochta<br>Ceol<br>Códú<br>Ealaín Ceardaíocht Dearadh<br>Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha |

| Maidir leis an scoláire… | Ábhair, gearrchúrsaí agus eispéiris fhoghlama eile a d'fhéadfadh cur leis… |
|---|---|
| 21. **cuireann an scoláire scileanna praiticiúla i bhfeidhm de réir mar a fhorbraíonn sé/sí múnlaí agus táirgí ag baint úsáide as ábhair agus as teicneolaíochtaí éagsúla**<br>Is féidir liom obair le daoine eile chun smaointe samhlaíocha a ghineadh, a phlé agus a fhorbairt d'fhonn déantúsáin a chruthú. Roghnaím ó réimse ábhar, uirlisí agus bogearraí agus, nuair a bhím ag obair leo seo, éirím muiníneach as mo scileanna praiticiúla. Cuidíonn m'eispéireas praiticiúil liom mo smaointe nó mo tháirgí a dhearadh nó a fheabhsú agus tuiscint cé mar a imoibríonn ábhair nuair a bhíonn siad 'múnlaithe' ag teicneolaíochtaí éagsúla. Tá tuiscint agam ar cheist na hinbhuanaitheachta i rogha agus úsáid m'ábhar agus i ndearadh táirgí. Is féidir liom an trealamh agus na bogearraí ar fad a úsáid go sábháilte. | Ábhair Theicneolaíochta<br>Códú<br>Ealaín Ceardaíocht Dearadh |
| 22. **léiríonn an scoláire tionscnaíocht, tá sé/sí nuálach agus forbraíonn sé/sí scileanna fiontraíochta**<br>Is maith liom mo chuid smaointe agus smaointe daoine eile a chur i ngníomh trí réitigh nua a cheapadh, trí chuir chuige a phleanáil agus trína chinntiú go dtarlaíonn rudaí ag an am ceart agus ar an mbealach is fearr. Tarlaíonn sé seo le daoine eile i ngrúpa nó le comhpháirtí agus uaireanta is maith liom obair as mo stuaim féin. Uaireanta, nuair nach dtéann rudaí de réir an phlean, féachaim ar an rud a chuaigh mícheart agus cinnim ar ghníomh nua. Táim in ann a fheiceáil nuair is gá rud éigin a dhéanamh agus táim sásta seans a ghlacadh le mo smaointe agus treabhadh liom. | Ábhair Theicneolaíochta<br>Eacnamaíocht Bhaile<br>Ealaín Ceardaíocht Dearadh<br>Staidéar Gnó<br>Taibhiú Ealaíne |
| 23. **tógann an scoláire smaoineamh ar aghaidh ó cheapadh go réadú**<br>Táim in ann smaoineamh do rud éigin a thógáil agus é a chur i bhfeidhm. Uaireanta bíonn obair le daoine eile i gceist ach fiú i ngrúpa, is féidir liom cuidiú leis an bhfís nó leis an radharc ar an gcuma ba chóir a bheith ar an toradh deiridh, agus an próiseas a bhrú ar aghaidh. Aithním go bhfuil athmhachnamh agus measúnú ar an dul chun cinn atá déanta ag an obair ina chuid ríthábhachtach de ghníomhaíocht mar seo. | Ábhair Theicneolaíochta<br>Ceol<br>Corpoideachas<br>Eacnamaíocht Bhaile<br>Ealaín Ceardaíocht Dearadh<br>Obair Thionscadail<br>Staidéar Gnó |

| Maidir leis an scoláire… | Ábhair, gearrchúrsaí agus eispéiris fhoghlama eile a d'fhéadfadh cur leis… |
| --- | --- |
| 24. **úsáideann an scoláire an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteacha chun foghlaim, chun cumarsáid a dhéanamh, chun obair agus chun smaoineamh go comhoibríoch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eiticiúil**<br>Táim ábalta eolas a aimsiú agus ábhar a chomhroinnt ar líne agus aithním agus tá meas agam ar mo chearta agus ar chearta daoine eile in úsáid na teicneolaíochta agus na meán digiteacha. Is féidir liom faisnéis agus ábhar ar líne a mheas. Is féidir liom teicneolaíocht agus meáin dhigiteacha a úsáid chun léamh, chun cuidiú liom smaoineamh, chun mé féin a chur in iúl agus chun obair le daoine eile. Agus mé ag obair le daoine eile, úsáidim teicneolaíocht go cruthaitheach chun idirghníomhú agus chun smaointe a fhorbairt. Tuigim go bhfuil tionchar ag úsáid níos mó na teicneolaíochta agus na meán digiteacha ar dhaoine agus ar na pobail lena mbaineann siad. | Na hábhair, na gearrchúrsaí agus na heispéiris fhoghlama eile ar fad |

| Maidir leis an scoláire… | Ábhair, gearrchúrsaí agus eispéiris fhoghlama eile a d'fhéadfadh cur leis… |
|---|---|
| 24. **úsáideann an scoláire an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteacha chun foghlaim, chun cumarsáid a dhéanamh, chun obair agus chun smaoineamh go comhoibríoch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eiticiúil**<br>Táim ábalta eolas a aimsiú agus ábhar a chomhroinnt ar líne agus aithním agus tá meas agam ar mo chearta agus ar chearta daoine eile in úsáid na teicneolaíochta agus na meán digiteacha. Is féidir liom faisnéis agus ábhar ar líne a mheas. Is féidir liom teicneolaíocht agus meáin dhigiteacha a úsáid chun léamh, chun cuidiú liom smaoineamh, chun mé féin a chur in iúl agus chun obair le daoine eile. Agus mé ag obair le daoine eile, úsáidim teicneolaíocht go cruthaitheach chun idirghníomhú agus chun smaointe a fhorbairt. Tuigim go bhfuil tionchar ag úsáid níos mó na teicneolaíochta agus na meán digiteacha ar dhaoine agus ar na pobail lena mbaineann siad. | Na hábhair, na gearrchúrsaí agus na heispéiris fhoghlama eile ar fad |